OCG i gcomhthéacs OSPS:

Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile

Tuairisc Achomair

Paula Mayock
Karl Kitching
Mark Morgan

Feabhra 2007

crisispregnancyagency

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile.

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte:
Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile.

OCG i gcomhthéacs OSPS:

Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile

Tuairisc Achomair

Paula Mayock
Karl Kitching
Mark Morgan

Feabhra 2007

ISBN: 1-905199-12-0

Réamhrá Leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta

Fáiltím go mór roimh an taighde seo ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) inár scoileanna iar-bhunoideachais. Is gné thairbheach ar leith den obair seo an chomhpháirtíocht idir an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime agus mo Roinn.

Tá OCG ina chuid thábhachtach d'oideachas an aois óig, agus tugann scoileanna comhthéacs sábháilte don ngnó ina bhféadann daoine óga aithne a chur orthu féin agus ar an domhan mór lasmuigh. Léiríonn fianaise ón staidéar seo agus ón Irish Study of Sexual Health and Relationships (ISSHR) a foilsíodh le déanaí, gur deacair le daoine óga labhairt lena dtuismitheoirí faoi chúrsaí gnéis agus caidrimh. Dá bhrí sin is tábhachtaí fós teacht a bheith acu ar OCG sna scoileanna.

Is í an tuairisc seo an staidéar is iomláine ar OCG i scoileanna iar-bhunoideachais a cuireadh i gcrích ó tugadh an clár isteach sa bhliain 1995. Tugann sé le chéile comhairliúchán fairsing agus mionstaidéir cháis i naoi gcinn de scoileanna. Léiríonn an taighde go soiléir go dtacaíonn cuid mhaith de mhúinteoirí, de thuismitheoirí agus de lucht gairme sláinte le bunphrionsabail agus le hábhar an chláir araon. Ós rud é go bhfuil sé sin amhlaidh agus go bhfuil teachtaireacht láidir ag teacht ó na daoine óga a cuireadh faoi agallamh ina deir siad gur cheart OCG a chur ar fáil sna scoileanna tá comhthéacs dearfach againn ina féidir an clár a sheachadadh.

Léiríonn an tuairisc go bhfuil múinteoirí agus príomhoidí tiomanta go mór do leas na ndaoine óga atá faoina gcúram agus ag an am céanna, léiríonn sí cad é chomh casta agus atá saol na scoile ag tráth go bhfuil athruithe móra sóisialta agus cultúrtha ar bun. Is fiú a luadh go raibh tuairim an-dearfach ag múinteoirí OCG sna scoileanna ina raibh na staidéir cháis ar siúl. Dúradar go raibh an oiliúint in-seirbhíse a fuaireadar ina cabhair dóibh.

Is léir ón taighde go bhfuil an-dul chun cinn déanta i dtaobh OCG a chur i ngníomh, go háirithe ag leibhéal an timthrialla sóisearaigh, áit go bhfuil sé ina chuid dhílis d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Is léir, áfach, ó thorthaí an staidéir leis, go bhfuil gá le tuilleadh chun deimhin a dhéanamh de go seachadfar an clár OCG i slí chuimsitheach chuí do gach aon scoláire iar-bhunoideachais.

Is tráthúil an mheastóireacht í seo agus tá a cuid moltaí dírithe is soiléir. Beidh an-luach ar fad ag an bhfianaise agus ag na samplaí deá-chleachtais a thugann sí maidir leis an obair atá ar siúl againn i gcónaí chun a áirithiú go mbeidh teacht ag na scoláirí inár gcuid scoileanna ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanais.

Agus mé ag fáiltiú roimh an tuairisc ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis na príomhoidí, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na scoláirí a ghlac páirt sa taighde. Gabhaim buíochas, leis, leis na taighdeoirí féin agus le baill an ghrúpa stiúrtha.

Mary Hanafin, T.D.
An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Réamhrá leis an gCathaoirleach na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime

Is cúis mhór áthais domsa fáilte a chur roimh an tuairisc taighde thábhachtach seo ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).

Is é ba chuspóir don taighde seo ná constaicí agus áisitheoirí a iniúchadh i dtaobh na slí is fearr atá ann chun OCG a chur i ngníomh do scoláirí iar-bhunscoile. Iniúchadh na saincheisteanna seo ó radharc réimse leathan de pháirtithe leasmhara an OCG – feidhmeannaigh sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, sna seirbhísí tacaíochta go bhfuil de dhualgas orthu áirithiú go seachadaítear OCG, príomhoidí agus múinteoirí sna scoileanna agus na tuismitheoirí agus na páistí féin. Tuairisc an-chuimisitheach atá inti mar sin, agus is mór an tairbhe a bhainfidh siad siúd go léir aisti atá ag obair chun ár gcuid bpáistí a ullmhú don saol mar dhaoine fásta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le húdair na tuairisce, an Dr. Paula Mayock, Karl Kitching, agus an Dr. Mark Morgan, as na deá-oibre a dhein siad. Gabhaim buíochas óm chroí go háirithe le gach aoinne a ghlac páirt sa taighde, ó leibhéal an rialtais chuig leibhéal an tseomra ranga. Bhíodar lán-tsásta bheith rannpháirteach ann gan bhac, agus dá bhrí sin beidh an taighde seo ina hacmhainn chun tionchar a imirt ar bheartas agus ar chleachtas sa réimse thábhachtach seo.

Is ábhar áthais dom a rá gur iomaí toradh maith atá ar an obair seo a dhein an Gníomhaireacht i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus coimisiúnú agus bainisteoireacht á dhéanamh acu ar an staidéar seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Stiúrtha as a bheith dílis don obair seo agus as í a thabhairt chun críche go rathúil.

Ba é ceann de na torthaí fíor-shuimiúla atá ar an tuairisc seo ná gur chuir na tuisimitheoirí in iúl go soiléir go gcaihtfidh scoileanna tabhairt faoi na ceisteanna atá os comhair na ndaoine óga, agus gan iad a sheachaint. Geallann an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime go gcuirfidh sí díreach an cur-chuige seo d'oideachas gnéasachta chun cinn, agus táimid cinnte gur féidir tacú go héifeachtach le scileanna an lucht ghairme tiomanta sa réimse seo chun an sprioc seo a bhaint amach.

Is é an t-aos óg an t-acmhainn is mó luacha atá ag sochaí ar bith. Tá dóchas agam gur chun tairbhe na ndaoine óga a rachaidh an taighde seo faoi dheireadh thiar thall, mar aon le staidéir eile a choimisiúnaigh agus a choimisiúnóidh an Ghníomhaireacht maidir le daoine óga agus OCG.

Katharine Bulbulia
Cathaoirleach

Na hÚdair

Chuaigh an **Dr. Paula Mayock** i mbun oibre mar Thaighdeoir Sinsearach san Ionad Taighde Leanaí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i Mí Mheán Fómhair 2003, áit go mbíonn sí ag obair go mór mhór ar ábhair agus ar shaincheisteanna a imríonn ar shaoil daoine óga atá ar an imeall nó 'i mbaol' (mí-úsáid drugaí agus alcóil, easpa dídine, ag fágaint na scoile go luath, míbhuntáiste sóisialta agus míbhuntáiste oideachais). Sa bhliain 2006 bronnadh Comhaltacht Taighde Iar-dochtúireachta INVEST de chuid na hInstitiúide Náisiúnta um Mhí-úsáid Drugaí uirthi. I láthair na huaire tá sí ag obair i gcomhar leis an Dr. Michael Clatts ó na hInstitiúidí Náisiúnta Forbartha agus Taighde, Nua Eabhrac, ar staidéar faoi shlite ina dtosnaíonn daoine óga ar drugaí crua a úsáid. Tá Paula i seilbh poist Léachtóra Chomhlaigh Taighde i Scoil na hOibre Sóisialta agus Beartais Shóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit go múineann sí modheolaíocht taighde. Tá roinnt tuairiscí taighde, chaibidlí i leabhair agus ailt i dtréimhseacháin scríofa aici agus is comhalta í de bhord eagarthóireachta Youth Studies Ireland.

Is múinteoir ar iasacht é **Karl Kitching** atá ag obair faoi láthair do Choláiste Phádraig, Droim Conrach, mar chúntóir taighde agus léachtóir páirtaimseartha. Tá taithí aige mar mhúinteoir ranga príomhshrutha agus mar mhúinteoir tacaíochta teanga do dhaltaí idirnáisiúnta. Tá obair foilsithe aige i leith litearthacht a mhúineadh do scoláirí atá ag foghlaim Bhéarla mar theanga bhreise i scoileanna príomhshrutha agus i leith sásamh poist múinteoirí atá ag obair le daltaí faoi mhíbhuntáiste. I measc na bpríomhréimsí taighde ar spéis leis tá éagsúlacht agus comhionannas in oideachas agus taithí grúpaí mionlaigh i gcóras oideachais na hÉireann.

Is é ceann Roinn an Oideachais i gColáiste Phádraig, Droim Conrach é an **Dr. Mark Morgan**. Bunáite a chuid taighde, is i réimse úsáid substaintí, measúnú ar chláir um chosc agus um mhíbhuntáiste oideachasúil atá sé. Eagarthóir agus ceann de bhaill bhunaitheacha Thionscadail na Scoileanna Eorpacha um Alcól agus Drugaí Eile (ESPAD) é chomh maith le bheith ina bhall den Institiúid Taighde do Shochaí atá Saor ó Thobac. Tá breis agus 70 alt acadúla foilsithe aige, lena n-áirítear tuarascáil ar an Suirbhé Idirnáisiúnta ar Litearthacht Aosach agus an Suirbhé Litearthachta sna bPríosúin. Tá measúnú déanta aige ar roinnt clár, lena n-áirítear 'Walk Tall' agus 'On My Own Two Feet', mar aon le clár an OCG tar éis a sheolta i lár na nóchaidí.

Buíochas

Buíochas
Níor bhféidir an taighde seo a dhéanamh gan chúnamh ó líon mór daoine. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl dóibh siúd go léir a bhí rannpháirteach sa staidéar: do gach aon fhreagraí ón Rialtas, ó leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus do na Príomhoidí scoile agus Comhordaitheoirí OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) a ghlac am chun freagra a thabhairt ar cheistiúchán an tsuirbhé. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil go speisialta leis na Príomhoidí, leis na Comhordaitheoirí OSPS agus leis na múinteoirí sna scoileanna a roghnaíodh don staidéar cáis. Tuigimid go raibh a lán ama agus oibre i gceist chun éascaíocht a dhéanamh dár gcuid oibre sna scoileanna seo. Gabhaimid buíochas, chomh maith, leis na mic léinn agus leis na tuismitheoirí a ghlac páirt i dtaighde an staidéar cáis seo.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill ár gCoiste Comhairliúcháin (féach thíos) a thug cúnamh dúinn i slite difriúla i dtaobh pleanála agus cur i gcrích an staidéir. Thugadar aiseolas luachmhar ar dréachtaí ní ba luaithe de thorthaí an staidéir. Tá buíochas ar leith ag dul chuig Máirín O Sullivan, Frances Shearer, Janet Gaynor, John Lahiff agus Sharon Foley a bhí rannpháirteach sa staidéar, leis.

Faoi dheireadh, chabhraigh na daoine seo a leanas linn ag céimeanna éagsúla nuair a bhí sonraí á mbailiú againn. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Bernie Collins, Mary Irving, Anna Fiona Keogh, Mary Louise Corr agus Kay Garvey as cúnamh a thabhairt dúinn agus sinne i mbun agallamh agus plé grúpa fócais.

Baill an Choiste Chomhairliúcháin
Caroline Spillane, Stiúrthóir, Gníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime.
An Dr Máirín O Sullivan, Cigire Sinsearach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
An Dr. Margret Fine-Davis, Lárionad i gcomhair Staidéar Inscne agus Ban, Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath.
An Dr. Stephanie O Keeffe, Bainisteoir Taighde, Gníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime.
Frances Shearer, Comhordaitheoir d' Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
Janet Gaynor, Cur chun cinn na Sláinte, FSS an Iarthair.
John Lahiff, Comhordaitheoir Náisiúnta, Seirbhís Tacaíochta d'OSPS (Iar-bhunscoile), An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
Madeleine O Carroll, Iar-Bhainisteoir Taighde gníomhach, Gníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime.
Mary Smith, Oifigeach Taighde, Gníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime.

Tuairimí pearsanta na n-údar atá á gcur i láthair sa tuarascáil seo. Ní gá gurb ionann iad agus tuairimí nó polasaithe na n-urraitheoirí.

Clár an Ábhair

Réamhfhocal 8

Comhthéacs comhaimseartha Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta 9

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in Éirinn 10

An gá le taighde OCG in Éirinn 14

Dearadh an staidéir seo 15

Achoimre ar na príomhthorthaí 17
- Leibhéal feidhmithe OCG 17
- Nithe a éascaíonn feidhmiú OCG 21
- Nithe ar bac iad d'fheidhmiú OCG 24
- Nithe agus próisis eile a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh OCG 31
- Tuairimí tuismitheoirí 35
- Tuairimí agus taithí na scoláirí 37
- Ábhar OCG: tuairimí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí 40

Moltaí 43

Réamhfhocal

Is é cuspóir na hachoimre feidhmiúcháin seo ná forléargas a chur ar fáil ar staidéar náisiúnta *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gcomhthéacs an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte: Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile*, a rinneadh idir Samhain 2004 agus Eanáir 2006. Sa staidéar úd, breathnaíodh ar fheidhmiú Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna Éireannacha. Is é an staidéar is cuimsithí ar oideachas caidrimh agus gnéasachta a tugadh faoi in Éirinn go nuige seo. D'fhéach sé le cur síos a dhéanamh ar na fachtóirí a chabhraigh le feidhmiú an chláir ó thráth a sheolta sna iar-bhunscoileanna i 1995 é, mar aon leis na nithe a chuir bac air.

Tá an-tábhacht ag baint le torthaí an staidéir seo ó thaobh eolas a sholáthar do pholasaithe i leith múineadh agus acmhainniú OCG sna hiar-bhunscoileanna amach anseo. Scrúdaíonn an taighde leibhéal feidhmithe OCG, aimsíonn na nithe a éascaíonn a fheidhmiú agus a sheachadadh, mar aon leo siúd a chuireann bac air, agus tugann cur síos ar thuairimí na rannpháirtithe i leith an tionchair a bhí ag athruithe sóisialta ar churaclam OCG ó céadfheidhmíodh an clár i 1995. Deis thábhachtach atá ann le go gcloisfear guthanna, ní amháin iad siúd atá ag obair i réimse an oideachais, na sláinte agus an phobail, ach príomhoidí, múinteoirí agus, go sonrach, tuismitheoirí agus daltaí scoile freisin.

Tá seacht gcuid san achoimre feidhmiúcháin seo. De bharr oll-líon na sonraí a scrúdaítear sa phríomhthuarascáil (Mayock, Kitching agus Morgan 2007), tá an cháipéis seo eagraithe de réir théamaí. Seo a leanas na seacht gcuid:

- Comhthéacs comhaimseartha Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in Éirinn
- An gá le taighde OCG in Éirinn
- An staidéar seo
- Dearadh an staidéir seo
- Achoimre ar na príomhthorthaí
  - Leibhéal feidhmithe OCG
  - Nithe a éascaíonn feidhmiú OCG
  - Nithe ar bac iad d'fheidhmiú OCG
  - Nithe agus próisis eile a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh OCG
  - Tuairimí tuismitheoirí
  - Tuairimí agus taithí na scoláirí
  - Ábhar OCG: tuairimí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí
- Moltaí

Comhthéacs comhaimseartha Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Is tasc an-tábhachtach do dhéagóirí é forbairt ina ndaoine sásta, sláintiúla ó thaobh gnéasachta de. Tá oideachas, sa chiall is leithne, ríthábhachtach i bhforbairt na scileanna a chuireann ar chumas daoine óga déileáil le dúshláin na hógántachta agus bheith compordach agus muiníneach i réimse na gnéasachta. Glactar leis go forleathan, go bhfuil sé de cheart ag daoine óga oideachas gnéasachta a fháil, ós rud é go gcabhraíonn sé leo iad féin a chosaint i gcoinne mí-úsáide, dúshaothraithe, toirchis nár beartaíodh, galair ghnéas-tarchurtha agus HIV/SEIF.[1] Léiríonn taighde a rinneadh le deireannas i bPoblacht na hÉireann (Hyde & Howlett 2004, Mayock & Byrne 2004), i dTuaisceart Éireann (Rolston, Schubotz & Simpson 2005) agus sa Ríocht Aontaithe (Lowden & Powney 1996, Measor, Tiffin & Miller 2000, Wight & Scott 1994) go dteastaíonn eolas agus plé níos doimhne faoi ghnéasacht agus caidreamh gnéis laistigh agus lasmuigh den scoil.

Léiríonn an líon beag staidéar atá ar fáil ar iompar gnéis daoine óga in Éirinn gurbh fhéidir go bhfuil suas le trian de scoláirí 16 bliana d'aois gníomhach ó thaobh gnéis de agus gur dóchúla go mór go mbeidh fir óga tosaithe ar bheith gníomhach go gnéasach faoi aois a 17 bliana dóibh (Bonner 1996, Dunne, Seery, O'Mahony agus Grogan 1997, MacHale agus Newell 1997, Mayock agus Byrne 2004). Tá ardú suntasach tar éis teacht ar rátaí gníomhaíochta gnéis i measc déagóirí ar fud na hEorpa le scór bliain anuas, agus dhealródh sé de réir bhunáite an taighde idirnáisiúnta atá déanta go bhfuil tromlach na ndaoine óga tosaithe ar chaidreamh collaí a bheith acu roimh dheireadh na ndéaga (UNAIDS 1997). Cé go bhfuil sé deacair treochtaí maidir le hiompar gnéis daoine óga in Éirinn a mheas trí mheán na staidéar reatha, dhealródh sé, de réir an taighde is déanaí, go bhfuil titim tagtha ar an aois a mbíonn a gcéad taithí gnéis acu (Rundle, Leigh, McGee & Layte 2004) agus go gcreideann go leor déagóirí go dtosaíonn gníomhaíocht ghnéis do thromlach na ndaoine óga le linn na ndéaga (Hyde agus Howlett 2004, Mayock agus Byrne 2004).

Tá obair taighde in Éirinn tar éis aird a dhíriú am i ndiaidh a chéile ar an easpa eolais agus tuisceana i measc daoine óga i leith cúrsaí sláinte gnéis (Dunne et al. 1997, Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann 1997, Mayock agus Byrne 2004, Sheerin 1998). I measc na mbearnaí in eolas na ndaoine óga, tá, ceaptar, easpa tuisceana maidir le téarmaí ar nós 'frithghiniúint', easpa eolais maidir le foinsí faisnéise agus, i gcás staidéar Hyde agus Howlett (2004), easpa eolais faoi úsáid coiscíní. Léiríonn an taighde Éireannach freisin go dtéitear san amhantar ó thaobh iompar gnéis de i gcás déagóirí agus daoine fásta óga. Luaigh staidéar amháin a rinneadh le déanaí gur seans gur mó an baol ina bhfuil lucht luathfhágála scoile i dtéarmaí easpa eolais faoi ghnéis, faoin gcontúirt a bhaineann le gnéas neamhchosanta, agus de bharr na rátaí arda amhantair ó thaobh gnéis de (Mayock agus Byrne 2004). Is casta agus ilghnéitheacha iad na fachtóirí a bhaineann le neamhghéilliúntas do chleachtais ghnéis sláintiúla i measc déagóirí agus daoine fásta óga. Náire maidir le coiscíní a cheannach agus/nó ól go meisce a d'fhéadfadh bheith mar chúis leis an dul san amhantar seo, cheapfaí (m.sh., Dunne et al. 1997, Mahon, Conlon agus Dillon 1998). Ach, d'fhéadfaí freisin go bhfuil baint ag tuairimí sochaí-tógtha maidir le fireannacht agus bandacht leis an scéal (Hyde agus Howlett 2004) maille le gnéithe a bhaineann le cáil agus meas na gcomhpháirtithe, go mórmhór ó thaobh gnéas sláintiúil agus úsáid coiscíní de. Cúis eile ar a díríodh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a chuireann bac le cleachtais ghnéis sláintiúla ná neamhchumas déagóirí labhairt lena bpáirtithe gnéis faoi cheisteanna ar nós úsáid coiscíní (Coleham agus Ingham 1994, Dunne et al. 1997).

1 Féach Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe http://www.un.org/rights/HRToday/; Dearbhú na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh http://www.un.org/rights/HRToday/; Dearbhú Gealltanais Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i leith HIV/SEIF, 2 Lúnasa 2001 http://www.un/org/ga/aids/docs/aress262.pdf ; An Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Thuismíocht Phleanáilte http://www.ippf.org/charter/summary.htm.

Go leor de na torthaí taighde a thuairiscítear anseo, leagtar béim iontu ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas caidrimh agus gnéasachta scoilbhunaithe. Go deimhin, tá tacaíocht leathan i measc tuismitheoirí in Éirinn ar son oideachas gnéasachta scoilbhunaithe (Morgan 2000, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt 2004). Chomh maith le sin, léiríonn an taighde go bhfuil tacaíocht láidir i measc déagóirí do ranganna faoi chaidreamh agus gnéasacht (Hyde agus Howlett 2004, Mayock agus Byrne 2004). Mar láthair ina dtugtar oideachas gnéasachta, tá buntáistí ag na scoileanna sa chaoi go bhfuil lucht éisteachta mór faoi chuing iontu, maille le hoideachasóirí oilte, curaclam comhsheasmhach, naisc le hábhair eile, agus tacaíocht ó thuismitheoirí agus scoláirí. Cé nach iad na scoileanna an t-aon bhealach le hoideachas a chur ar pháistí agus daoine óga maidir le gnéas agus caidreamh, is féidir leo cabhrú ar bhealach an-dearfach más fúinn an t-eolas agus na scileanna a thabhairt do dhaoine óga a chuirfidh ar a gcumas feidhmiú go muiníneach i réimse an ghnéis.

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in Éirinn

Is éard atá sa chuid seo ná cuntas gearr ar chuspóir agus ábhar an chláir OCG, agus an cur chuige a mholtar i leith polasaí OCG sna scoileanna. Taispeántar freisin roinnt fachtóirí a éascaíonn, b'fhéidir, feidhmiú OCG mar aon le cinn eile ar bac iad do sheachadadh an chláir in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Is é is cuspóir don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in Éirinn, de réir na dtreoirlínte polasaí (Roinn Oideachais 1997: 4), ná cabhrú le páistí:

> *Eolas agus tuiscint a fháil maidir le caidreamh agus gnéasacht dhaonna trí mheáin na bpróiseas a chuirfidh ar a gcumas luachanna a fhorbairt agus modhanna iompair a bhunú i bhfrámaíocht mhorálta, spioradálta agus sóisialta.*

Níl an clár ag iarraidh a rá le páistí céard ba chóir dóibh a smaoineamh, a rá nó a dhéanamh ó thaobh a n-iompar gnéis de, agus níl faoi a fhógairt ach oiread gur mícheart an rud é an gnéas lasmuigh de chomhthéacs dlúthchaidrimh nó pósta.[2] Leagann treoirlínte OCG (NCCA 1997a, b) béim ar *chaidreamh* seachas ar ghnéasacht agus leagtar amach curaclam ar léir é bheith dírithe ar chabhrú le pháistí chun féinmheas agus féinmhuinín a fhorbairt seachas aon rud eile. Féachann an clár OCG le forbairt phearsanta agus ghnéasach na scoláirí a chothú ar bhealach *iomlánaíoch* i leith an raon de thionchair shóisialta agus sochaíocha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcaoi a smaoiníonn agus a airíonn daoine óga faoina gcaidreamh pearsanta (teaghlach agus comhpháirtithe), rómánsúil agus gnéis. Ainneoin seo, áfach, faoi mar a deireann Inglis (1998), ní thugann an clár faoi roinnt ceisteanna íogaire, leithéidí glacaireacht aonair, mar shampla. Ceaptar freisin go dtugann an sainmhíniú ar ghnéas sna hábhair acmhainne OCG tús áite d'fhéiniúlacht heitrighnéasach agus go gcothaíonn an clár saghas suibiachtúlacht ghnéasach atá teoranta, beag beann ar mhianta gnéis nó pléisiúir (Kiely 2005).

Tá ceacht ann sa tsraith shinsearach agus sóisearach araon ar chlaonadh gnéasach. Ba mhaith é freisin a chur san áireamh gur féidir plé agus díospóireacht a dhéanamh ar ábhair cosúil leis an hómaighnéasacht, cé nach bhfuil *sraith* de cheachtanna ar leith ann fúthu. Go deimhin, níl feidhm shaintreorach ag na hábhair acmhainní foilsithe don OCG; is éard atá i gceist leo ná raon roghanna a sholáthraítear don oide i leith sheachadadh an chláir. Cuireadh

2 Tá an cur síos gearr seo ar OCG bunaithe ar ábhar Thuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (An Roinn Oideachais, 1995a), ar threoirlínte polasaí a d'eisigh an Roinn Oideachais i 1997 (An Roinn Oideachais, 1997a,b) agus ar na hábhair acmhainní d'iar-bhunscoileanna a foilsíodh i 1998 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998a,b) agus tacaíonn tráchtaireacht ar OCG de chuid taighdeoirí eile leo. Ós rud é nach ndearnadh aon mheastóireacht toraidh in Éirinn go nuige seo i leith Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta, ní mór a chur san áireamh nach bhfuil aon scrúdú déanta ar thionchar an chláir OCG ar mheon agus iompar daoine óga go dtí seo ná aon dianmheasúnú ar éifeachtúlacht OCG ach oiread.

le chéile na *Ábhair Acmhainní d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta , Iar-bhunscoil: Sraith Shóisearach (Resource Materials for Relationships and Sexuality Education, Post-Primary: Junior Cycle*) (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1998a: 7) "d'fhonn raon de mhodheolaíochtaí agus d'ábhair a chur ar fáil do mhúinteoirí ar féidir úsáid a bhaint astu chun clár OCG a fheidhmiú sna scoileanna." Beifear ag súil go seachadfaidh scoileanna gach gné de na cláir OCG le cinntiú go gcuirfear réimse cuí deiseanna foghlama os comhair na scoláirí ar fad. Ag an am céanna, braitheann an bealach ina n-úsáidfidh na múinteoirí na hábhair seo ar:

- Polasaí na scoile i leith OCG faoi mar atá leagtha amach ag an bhfoireann, an príomhoide, tuismitheoirí agus an bord bainistíochta
- An soláthar reatha a dhéantar d'OCG sa scoil
- Riachtanais OCG sa scoil, i gcomhthéacs cultúrtha na scoile
- Measúnú leanúnach ar láidreachtaí agus laigí chlár OCG na scoile.

Is léiriú ar an saoirse áitiúil a bhaineann leis an gclár an riachtanas go socróidh gach scoil a gcuimseofar agus a gcoinneofar as an gclár, .i. tá sé de cheart ag scoileanna an clár a chur in oiriúint do riachtanais a gcuid scoláirí. Mar mhalairt ar sin, áfach, d'fhéadfaí é a fheiceáil mar dhiúltú, ar bhealach, de chuid an Stáit bheith saintreorach i leith gnéithe an-íogaire an oideachais ghnéasachta (Inglis 1998). Ar a laghad, is féidir an argóint a dhéanamh nach dtugtar deiseanna comhionannana do scoláirí díospóireacht agus plé a dhéanamh ar ghnéithe áirithe gnéasachta de bharr nach dtugtar aon treoir nó acmhainní sonracha ar leith dóibh i leith topaicí ar minic íogair iad, ar nós na hómaighnéasachta, mar shampla.

Mhol Tuarascáil an *tSainghrúpa Chomhairligh um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* (An Roinn Oideachais 1995a) go dtosófaí OCG sna scoileanna bonn ar aon le forbairt polasaí scoile i leith OCG. De réir na Roinne Oideachais (1995a: 11):

> *Is ráiteas scríofa é an polasaí seo faoi chuspóirí an chláir, faoin gcaoi a eagraítear é laistigh den scoil agus faoin mbealach trína bhfreastalóidh sé ar riachtanais scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí agus ba chóir go mbeadh sé ina léiriú ar phríomhluachanna agus éiteas na scoile.*

Féachann OCG le deiseanna a chur ar fáil le go mbeidh daoine óga in ann "foghlaim faoi chaidreamh agus gnéasacht i dtreo a chuirfidh ar a gcumas smaoineamh agus gníomhú ar bhealach morálta, comhbhách agus freagrach" (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1998a: 6). Tarlaíonn sé seo laistigh d'éiteas morálta na scoile. Feictear dá bharr, gur ráiteas tábhachtach an ceann thuas ina ndeirtear gur chóir gur "léiriú ar phríomhluachanna agus éiteas na scoile" polasaí na scoile. Mar aon le bheith ina léiriú ar an bhfealsúnacht nó éiteas ginearálta sa scoil, ba chóir, de réir an *tSainghrúpa Chomhairligh* do ráiteas polasaí na scoile i leith OCG tabhairt faoi bhainistíocht an chláir, plé a dhéanamh ar na himpleachtaí ó thaobh oiliúna de agus plean a sholáthar le haghaidh athbhreithniú agus measúnú an chláir.

Ón tús, moladh teagasc OCG a lonnú i bhfrámaíocht níos leithne d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon (An Roinn Oideachais 1995a). Ach níor cuireadh na scoileanna ar an eolas faoi sheoladh OSPS sa tsraith shóisearach go dtí 2000, tráth a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta treoirlínte curaclaim (An Roinn Oideachas agus Eolaíochta 2000a). De réir Imlitir M22/00 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta2000b):

> *An leithdháileadh ama a mholtar d'OSPS ná tréimhse choibhéiseach le tréimhse ranga sa tseachtain, (faoi mar atá bunáite na scoileanna a dhéanamh faoi láthair), á eagrú ar an mbealach is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí agus eagraíocht na scoile.*

Is dóchuil go glacann na scoileanna leis go dteastaíonn tréimhse ranga amháin sa tseachtain chun OSPS a mhúineadh. Is ceann amháin é OCG de dheich gcinn de mhodúil a shaintreoraítear i gcuraclam OSPS na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Ní ábhar scrúdaithe é OSPS agus ní gá múinteoirí nua a earcú lena mhúineadh; a mhalairt atá fíor, cuirtear oiliúint inseirbhíse ar mhúinteoirí reatha ábhar eile agus ansin ceaptar iad nó tairgeann siad as a stuaim bheith mar mhúinteoirí OSPS. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh gur d'fhéach OSPS, nuair a chéadcheapadh é, le tógáil ar roinnt clár a bhí ann cheana féin agus lena gcomhláidriú, lena n-áirítear Clár Scileanna Saoil de chuid Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt (1979), Tionscadal Oideachas Sóisialta agus Sláinte Chorcaí (1990), an Clár um SEIF (AIDS) (1990) agus 'On My Own Two Feet', clár um chosc ar mhí-úsáid substaintí (1991) (féach suíomh gréasáin Sheirbhís Tacaíochta OSPS: http://www.sphe.ie).

Tacaíochtaí d'OCG[3]

Ceapadh na treoirlínte agus na bearta a leanas d'fhonn feidhmiú OCG a éascú:

- 1995: Fógraíodh do na scoileanna in imlitir go rabhthas le OCG a thabhairt isteach (An Roinn Oideachais, 1995b)
- 1995: Foilsíodh *Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh* (An Roinn Oideachais 1995a), a leag amach bunús OCG agus treoirlínte i leith fhorbairt an pholasaí scoile
- 1995: Ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta um OCG
- 1996/97: Cruinnithe do thuismitheoirí maidir le OCG arna gcomheagrú ag an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- 1996/1997: Seoladh an chéad chlár náisiúnta inseirbhíse
- 1997: Foilsíodh treoirlínte curaclaim eatramhacha um OCG ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon (NCCA 1997 a, b)
- 1998: Foilsíodh ábhair acmhainní OCG don tSraith Shóisearach agus Shinsearach iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1998a, b)
- 2000 ar aghaidh: Comhtháthaíodh OCG in OSPS agus cuireadh oiliúint agus tacaíocht inseirbhíse leanúnach ar fáil faoi na Seirbhísí Tacaíochta um OCG agus OSPS.

3 Ós rud é gur cuid é OCG den mhórchuraclam OSPS, go leor de na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar OSPS mar ábhar curaclaim, bíonn tionchar acu freisin ar OCG. Luaitear an dá ábhar le chéile go minic sa cháipéis seo dá bharr.

Feidhmiú OCG: an taighde is déanaí agus nithe a d'fhéadfadh bheith ina mbaic
Táthar tar éis roinnt staidéar a dhéanamh maidir le feidhmiú OSPS agus, ar scála níos teoranta OCG, in Éirinn le sé bliana anuas. Nocht suirbhé náisiúnta Morgan (2000) ar mhúinteoirí, tuismitheoirí agus scoileanna bunscoile agus iar-bhunscoile, go raibh tacaíocht as cuimse ann d'OCG scoilbhunaithe i measc múinteoirí agus tuismitheoirí. Ina theannta sin, léirigh múinteoirí ardsástacht i leith na hoiliúna a fuair siad. Cé gur tháinig méadú suntasach ar chéatadán na scoileanna a raibh doiciméad polasaí i leith OCG críochnaithe agus dáilte acu idir 1999 agus 2000 (ó 29% go 49.9%), bhí lear suntasach scoileanna ann fós inar baineadh fíorbheagán amach, agus ní raibh coiste polasaí OCG bunaithe i dtimpeall an ceathrú cuid de scoileanna. I 1999, léirigh níos lú ná 30% d'iar-bhunscoileanna go raibh OCG á fheidhmiú acu sna ranganna ar fad, cé gur tháinig méadú suas go 42.7% ar an bhfigiúr seo faoin mbliain 2000.

Thug staidéar neamhfhoilsithe de chuid na Seirbhíse Tacaíochta OCG (2004) tuairisc ar fheidhmiú OCG agus OSPS. Léirigh an taighde seo go raibh sé ar amchlár na scoile i thart ar 95% de na scoileanna sa chéad bhliain, rud a léiríonn feabhas mór ar 2002, bliain a d'aimsigh Geary & Mannix McNamara (2003) ráta feidhmithe den 67%. Ainneoin seo, ní raibh an t-ábhar sceidealaithe fiú nó á sheachadadh ar chor ar bith sa triú bliain ach i mbeagáinín le cois leath na scoileanna. Ba léir an pátrún céanna ann i gcás OCG, agus an leibhéal seachadta ag brath, cuid mhór, ar an mbliain a bhí i gceist. Léiríonn an taighde seo de chuid na Seirbhíse Tacaíochta (2004) claonadh soiléir chun cúil i leith sheachadadh an ábhair ón chéad bhliain go dtí an triú bliain. Agus cé gur dhúirt thart ar thrí chúigiú cuid de na scoileanna go raibh polasaí OCG ullmhaithe acu, thuairiscigh líon níos mó ná sin go raibh clár OCG á fheidhmiú acu. Mar fhocal scoir, bá lú go mór (níos lú na 50%) líon na scoileanna a thuairiscigh go raibh OCG á fheidhmiú acu sa tSraith Shinsearach ná iad siúd ina raibh sé á fheidhmiú sa tSraith Shóisearach.

D'aithin taighde a rinneadh cheana na fachtóirí a leanas mar nithe a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú OCG:

- *Curaclam atá róphlódaithe* – b'fhacthas do mhúinteoirí i staidéar Morgan (2000) gur bhac tábhachtach é seo d'fheidhmiú OCG

- *Gnéithe inscne* – lena n-áirítear ráta feidhmithe OSPS níos lú i scoileanna nach raibh iontu ach buachaillí (Geary & Mannix McNamara 2003, Looney & Morgan 2001) agus ráta íseal rannpháirtíochta i measc múinteoirí fir in oiliúint inseirbhíse (Burtenshaw 2003, Millar 2003)

- *Roghnú múinteoirí d'OSPS* – lena n-áirítear difríochtaí sa chaoi a fheiceann múinteoirí (OSPS) agus príomhoidí próiseas roghnaithe múinteoirí le haghaidh OCG sna scoileanna (Geary & Mannix McNamara 2003), ainneoin mholadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta nach "sannfaí OSPS do mhúinteoirí gan dul i gcomhairle leo roimh ré." (2000: 6)

Ag an leibhéal idirnáisiúnta, aithnítear na gnéithe agus na fachtóirí a leanas mar nithe a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú cláir sláinte gcoitinne agus cláir ghnéasachta go háirithe:

- Seans nach bhféachtar ar chur chun cinn na sláinte mar phríomh-*raison d'être* na scoileanna (Young 2004). Bíonn a gcuid spriocanna agus a gcaighdeán féin le baint amach ag múinteoirí agus scoileanna agus seans nach ionann iad seo agus cuspóirí lucht cur chun cinn sláinte a fheidhmíonn i gcomhthéacsanna eile.

- Tuairiscíonn múinteoirí go mbíonn *imní shuntasach* orthu maidir le seachadadh cláir oideachas gnéasachta (Alldred, David & Smith 2003). Seans go gceapann roinnt múinteoirí nach bhfuil siad sách cáilithe le múineadh faoi ghnéas agus caidrimh (Wight & Scott 1994).

- Ní féidir *glacadh leis go mbeidh na scoláirí ar fad ar a gcompord ag plé cúrsaí gnéis agus gnéasachta* lena múinteoirí. Seans go mbeidh tuairimí difriúla ag buachaillí agus cailíní maidir leis na hábhair ar chóir thabhairt fúthu i ranganna oideachas gnéis. Mar shampla, d'aimsigh Hyde & Howlett (2004) gur thug fir óga tús áite go threoir phraiticiúil a thabharfadh na scileanna agus an mhuinín dóibh le caidrimh ghnéis a stiúradh.

- Tá sé léirithe go mbíonn tionchar ag *tuiscint agus claonadh pearsanta na múinteoirí* ar fheidhmiú a leithéid d'athchóirithe curaclaim (Spillane 1998, Spillane Reiser agus Reimar 2002).

An gá le taighde ar OCG in Éirinn

Léiríonn an taighde atá ar fáil maidir le hiompar gnéis déagóirí, mar aon le staidéir a thaispeánann a chasta agus atá sé OCG nó fiú an curaclam ginearálta a fheidhmiú, gur léir gur gá go ndéanfadh an córas oideachais measúnú tráthrialta ar fheidhmiú agus seachadadh OCG. Faraor, léiríonn neart den taighde seo freisin nach comhthéacs iontaofa nó luachmhar le foghlaim a dhéanamh maidir le cúrsaí gnéasachta nó caidrimh é an scoil i dtuairimí daoine óga. Anuas ar sin, tá an cruth ar chúrsaí go bhfuil difríochtaí móra ann ó thaobh leibhéil agus cineáil de san oideachas gnéis a thugtar i scoileanna na hÉireann (Dunne et al. 1997, Hyde agus Howlett 2004, Sheerin 1998). Tuairiscíonn staidéar eile a rinneadh le déanaí go measann lucht faighte oideachas gnéis scoilbhunaithe gur 'róbheagán, rómhall atá sé mar oideachas' (Murphy-Lawless et al. 2004, Mayock & Byrne 2004). De réir thorthaí Hyde & Howlett (2004), dealraíonn sé go measann líon suntasach de na daoine óga sa staidéar go bhfuair siad oideachas gnéis ar bhealach aon uaire agus ar leithligh agus ba é an gearán a bhí ag go leor ná nár dhírigh an t-oideachas gnéis a bhfuarthas ach ar ghnéithe bitheolaíocha amháin. Torthaí ar aon dul leo seo a tuairiscíodh freisin i staidéar cáilíochtúil Mayock & Byrne (2004) ar eolas, meon agus iompar gnéis i measc lucht luathfhágála na scoile. Nocht an taighde seo – ar bunaíodh ar mheascán d'agallaimh aonair dhoimhne agus de phléghrúpaí fócais é – neart éagsúlachta ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de san oideachas gnéis a bhfuair daoine óga, agus drogall i bhfad ní ba mhó ar fhir óga admháil fiú go bhfuair siad oideachas gnéis scoilbhunaithe.

Ar an iomlán, léiríonn taighde in Éirinn go bhfuil easpa muiníne i measc daoine óga i leith an oideachais ghnéis a bhfuarthas. Cé go nglactar leis go mbíonn deachrachtaí ag roinnt scoláirí ábhar cruinn an oideachais ghnéis a bhfuair siad a thabhairt chun cuimhne (Schubotz, Rolston & Simpson 2003), agus ainneoin claonadh i measc daoine óga bheith cáinteach faoi ábhair scoile i gcoitinne, léiríonn staidéir a rinneadh le deireannas go mb'fhéidir go bhfuil fadhbanna den suntas ann ó thaobh taithí daoine óga ar oideachas gnéis scoilbhunaithe agus ó thaobh an chaoi a fheiceann siad na tairbhí a bhaineann leis.

An staidéar seo

Ba éard a bhí mar chuspóir ag an staidéar seo ná tógáil ar bhealach cuimsitheach ar an taighde a rinneadh ar OCG in Éirinn go nuige seo, le fócas speisialta ar leibhéal feidhmithe OCG agus na fachtóirí agus na próisis a mbíonn tionchar acu ar a fheidhmiú agus a sheachadadh.

Agus léargais níos leithne á gcur san áireamh, lena gcuimsítear dearcadh an rialtais, an dearcadh náisiúnta agus réigiúnach, ba éard a bhí faoin staidéar ná:

1. scála feidhmithe polasaí OCG agus scála seachadta an churaclaim OCG in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre a fhiosrú
2. na fachtóirí agus na próisis a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh OCG sna scoileanna a iniúchadh
3. nithe a bhacann agus a éascaíonn feidhmiú agus seachadadh OCG a aimsiú.

Dearadh an staidéir

Is éard atá sa chuid seo den cháipéis ná breac-chuntas achomair ar dhearadh an staidéir. Tá cuntas iomlán ar mhodheolaíocht an taighde sa mhórthuarascáil mhionsonraithe ar thorthaí an staidéir (Mayock et al. 2007).

Meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáideadh don staidéar. Dáileadh suirbhé cainníochtúil ar shampla ionadaíoch d'iar-bhunscoileanna d'fhonn leibhéal feidhmithe OCG ar bhonn náisiúnta a thomhas agus chun raon fachtóirí a bhaineann le feidhmiú agus seachadadh an chláir a scrúdú. Raon de dhaoine aonair agus scoileanna a bhí rannpháirteach sa chuid cháilíochtúil den staidéar agus tugadh fúithi ina dhá céim: i dtús, reáchtáladh agallaimh le gairmithe ag an leibhéal rialtais, náisiúnta agus réigiúnach, d'fhonn teacht ar réimse fairsing de thuairimí i leith feidhmiú OCG. Reáchtáladh staidéar cáis ansin i naoi scoil ar leith a roghnaíodh go cúramach chuige sin. Chomh maith le sin, reáchtáladh líon beag agallamh aonair le héascaitheoirí seachtracha, .i. daoine aonair de chuid eagraíochtaí seachtracha a oibríonn ar bhealach díreach leis na scoileanna chun seachadadh OCG a éascú. Taispeántar an staidéar i gcruth sraith 'céimeanna' i bhFigiúr 1 thíos.

Figiúr 1 Dearadh an staidéir

Céim 1	**SUIRBHÉ CAINNÍOCHTÚIL** A dáileadh ar shampla ionadaíoch d'iar-bhunscoileanna
Céim 2	**AGALLAIMH CHÁILÍOCHTÚLA** Faisnéiseoirí ag leibhéal Rialtais, náisiúnta agus réigiúnach
Céim 3	**STAIDÉAR CÁIS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AR LEITH** Agallaimh/grúpaí fócais le príomhoidí, comhordaitheoirí OSPS, múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí na scoileanna
Céim 4	**AGALLAIMH AONAIR LE hÉASCAITHEOIRÍ SEACHTRACHTA**

Bhí roinnt forluí i gceist i mbailiú na sonraí agus ní fhreagraíonn na 'céimeanna' thuas go docht don ord aimsire a thuigfí bheith ann de réir Fhigiúr 1, dá bharr.

Straitéisí taighde, sampláil agus na rannpháirtithe

Réitíodh sampla fánach de 250 scoileanna i mí na Samhna 2004 agus seoladh litir chuig Príomhoide gach scoile ag míniú chuspóir an staidéir agus ag iarraidh chomhoibriú na scoile le ceistneoir a chomhlánú (Céim 1). Ráta freagartha de 76% de na 246 scoil incháilithe a bhí ann.[4] Bhí scoileanna de chineálacha éagsúla (buachaillí, cailíní agus meánscoileanna deonacha measctha mar aon le gairmscoileanna agus coláistí pobail) sa sampla fánach, chomh maith le scoileanna de gach méid. Léirítear na cineálacha scoile a bhí páirteach sa suirbhé i dTábla 1 thíos.

Tábla 1 Cineál na nlar-bhunscoileanna rannpháirteacha

Cineál	Sprioc-líon	Líon a d'fhreagair	Céatadán
Meánscoil Dheonach (buachaillí)	40	31	77.5
Meánscoil Dheonach (cailíní)	50	38	76.0
Meánscoil Dheonach (measctha)	60	46	76.6
Gairmscoileanna/coláistí pobail	79	53	67.0
Scoileanna pobail agus cuimsitheacha	27	19	70.4

Bhí líon na scoileanna faoi mhíbhuntáiste i gcomhréir leis an bhfigiúr náisiúnta a mheastar (thart ar 27%). Meascán de scoileanna uirbeacha, "baile mór/tuaithe" agus "tuaithe go príomha" a bhí sa suirbhé.

Baineadh úsáid as straitéis samplála breithiúnais d'fhonn príomhfhaisnéiseoirí a aimsiú chun agallaimh ag an leibhéal rialtais, náisiúnta agus réigiúnach (Céim 2). Chun comhoibriú naoi scoil a fháil d'fhonn staidéar domhain a dhéanamh orthu (Céim 3), baineadh úsáid as na straitéisí 'roghnú faisnéis-dírithe' agus 'roghnú straitéiseach' (Flyvbjerg 2004) le chéile. Maidir leis an chéad straitéis, roghnaíodh na scoileanna ó shampla na scoileanna a rinneadh suirbhé orthu chun éagsúlacht a chinntiú maidir le heochairchritéir ar nós cineál scoile, méid scoile, agus ceantar geografach (uirbeach nó tuath), agus i dtreo is go ndéanfaí ionadaíocht ar scoileanna le leibhéil dhifriúla ó thaobh feidhmiú agus seachadadh OCG de. Baineadh feidhm as 'roghnú straitéiseach' ansin chun comhoibriú a fháil ó scoil amháin ina raibh ardleibhéal feidhmithe OCG ann. Rinneadh seo ar an mbunús go bhféadfadh scoil ina raibh ardleibhéal feidhmithe ann sonraí tábhachtacha a sholáthar maidir leis an mbealach a oibríonn feidhmiú maith OCG i gcleachtadh. Faoi dheireadh, léirigh réamhanailís na sonraí cáilíochtúla gurbh fhiú b'fhéidir aird a dhíriú ar an úsáid a bhain scoileanna as éascaitheoirí seachtracha – maille lena ról siadsan i seachadadh OCG. Caithfear cuimhneamh áfach nach féidir glacadh leis go bhfuil na hagallaimh seo ionadaíoch ar thuairimí na n-éascaitheoirí seachtracha ar fad agus go bhfuil an chéim seo (Céim 4) fós taiscéalach ar an mórgóir.

4 Féach Caibidil 3 sa phríomhthuarascáil (Mayock et al. 2007) le haghaidh cur síos mionsonraithe ar phróiseas samplála an tsuirbhé.

Taispeánann Tábla 2 thíos na daoine aonair agus na grúpaí a bhí rannpháirteach i dtréimhse cháilíochtúil an staidéir.

Tábla 2 Rannpháirtithe sna hagallaimh/grúpaí fócais

Leibhéal	Eagraíochtaí/gníomhaireachtaí a ndéantar ionadaíocht orthu		Líon na rannpháirtithe
Rialtas	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; Roinn Sláinte agus Leanaí; An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA); An Ghníomhaireacht um Thorchis Ghéarchéime.		6
Náisiúnta	Aontas Múinteoirí Éireann (TUI); Cumann Meánmhúinteoirí na hÉireann (ASTI); Comhchoiste na mBainisteoirí; An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí; Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha; Seirbhís Tacaíochta OCG; Seirbhís Tacaíochta OSPS.		7
Réigiúnach	Oifigigh um chur chun cinn na Sláinte, Oifigigh Forbartha Réigiúnaí		14
Scoileanna	Rannpháirtithe na scoile	N	170
	Príomhoidí agus Leas príomhoidí	9+2	
	Comhordaitheoirí OSPS	7	
	Múinteoirí*	32	
	Tuismitheoirí*	24	
	Mic léinn*	90	
	Éascaitheoirí seachtracha **	6	
Iomlán na rannpháirtithe* **			**197**

*Agallaimh fócasghrúpa ina raibh idir 2 agus 5 rannpháirtí
**Cé gur ghrúpa 3 rannpháirtí a bhí i gceist le gníomhaireacht éascaíochta sheachtrach amháin, ba rannpháirtithe aonair a bhí i gceist i gcás na dtrí ghníomhaireacht eile.
*** D'aistríodh na hagallaimh leis na rannpháirtithe go Gaeilge i leagan Gaeilge na tuairisce seo ach is i mBéarla a rinneadh iad ar fad. Tá bunleaganacha na n-agallamh ar fáil i leagan Béarla na tuairisce achomair agus na príomhthuarascála.

Achoimre ar na príomhthorthaí

Leibhéal feidhmithe OCG

Ba é tuairim dhá thrian (66.6%) de na scoileanna sa suirbhé go raibh feabhas tar éis teacht ar leibhéil feidhmithe OCG ón tráth ar céadtosaíodh á thabhairt isteach idir lár agus deireadh na nóchaidí. Ar an mórgóir, thacaigh iad siúd a cuireadh agallamh orthu ag an leibhéal rialtais, náisiúnta agus réigiúnach leis an tuairim seo. D'admhaigh neart de na freagróirí freisin áfach gur próiseas mall é an feidhmiú agus go mbaineann deachrachtaí agus dúshláin le hathrú curaclaim a bhaint amach, beag beann ar pé ábhar a bhíonn i gceist.

Léiríonn neart de thorthaí an staidéir seo gur obair an-chasta í rátaí feidhmithe OCG a thomhas agus a léiriú. Mar shampla, d'fhéadfaí glacadh leis gur táscaire ar fheidhmiú OCG é a fhorbartha agus atá polasaí OCG na scoile: ach sa staidéar seo, tuairscíodh go raibh ráiteas polasaí OCG comhaontaithe réitithe ag 60% de na scoileanna a rinneadh suirbhé orthu agus bhí thart ar 90% de na scoileanna ag múineadh OCG sa chéad bhliain, rud a thabharfadh le tuiscint go bhfuil lear suntasach scoileanna ann ina bhfuil OCG á sheachadadh d'uireasa ráiteas polasaí. Níor tháinig aon mhórdhifríochtaí chun solais i dtaca le forbairt polasaí sna scoileanna i dtéarmaí chineál, méid nó lonnú na scoile ná a stádas buntáiste/míbhuntáiste. Ach ag an am céanna, ba é tuairim iad siúd a cuireadh agallamh orthu ag an leibhéal rialtais, náisiúnta agus réigiúnach gurbh ísle an leibhéal feidhmithe OCG i scoileanna do bhuachaillí, tuairim atá ar aon dhul, mórán, le torthaí an taighde a rinneadh go nuige seo i réimse OSPS (Geary & Mannix McNamara 2003).

Tá tábhacht ag baint le cuid eile de thorthaí an tsuirbhé ó thaobh feidhmiú OCG de freisin. Múineadh OCG mar chuid d'OSPS sa chéad agus sa dara bliain in 81% de na scoileanna a rinneadh suirbhé orthu, agus thuairiscigh 11% díobh nach raibh OCG á mhúineadh acu. Ach, tháinig méadú ar líon na scoileanna nach raibh OCG á mhúineadh iontu suas go 20% sa triú bliain (Teastas Sóisearach), mar aon le titim i líon na scoileanna a raibh OCG á mhúineadh mar chuid d'OSPS iontu go dtí 58% sa bhliain sin. Ina theannta sin, thuairiscigh 30% de na scoil eanna nár mhúin siad ceachtanna OCG (cé nach ionann sin agus a rá nach raibh clár acu) sa triú bliain, figiúr a d'ardaigh go 43% sa chúigiú bliain agus go 48% i mbliain an Teastais Shinsearaigh. Tá trí phríomhcheist ar fiú breathnú orthu i dtaca leis na torthaí seo. Ar an gcéad dul síos, taispeánann siad *gur seans* go mbíonn drochthionchar ag an Teastas Sóisearach ar sheachadadh OCG.[5] Go deimhin, d'airigh 71% de na scoileanna gur dheacra anois am a leithdháileadh d'ábhair neamhscrúdaithe ná mar a bhíodh roimhe seo. Ar an dara dul síos, i bhfianaise torthaí Mayock agus Byrne (2004) – gurbh íogaire iad lucht luathfhágála scoile ó thaobh easpa eolais i leith gnéis de – tá tábhacht ag baint leis an meath a fheictear i múineadh OCG sa triú bliain, don ghrúpa seo go mórmhór. Agus ar deireadh, léiríonn an ráta íseal feidhmithe OCG sa tSraith Shinsearach go bhfuil géarghá le haghaidh cúrsaí foirmiúla OSPS/OCG sa tsraith sin. Agus é seo faoi chaibidil againn, go mórmhór i bhfianaise na n-iarrachtaí a dhéanfar amach anseo chun cabhrú le feidhmiú OCG, feictear tábhacht bheith ag roinnt leis an tuairim fhorleathan a aimsíodh sa staidéar go raibh tionchar dearfach ag seoladh OSPS sa tSraith Shóisearach i 2000 ar fheidhmiú OCG (féach na torthaí i leith éascaitheoirí OCG a leagtar amach níos faide anonn sa tuarascáil seo). Gach seans, mar sin, go gcabhródh cur i bhfeidhm foirmiúil OSPS/OCG sa tSraith Shinsearach le leibhéal iomlán feidhmithe an ábhair sna hiar-bhunscoileanna ar bhonn náisiúnta.

Tugann an staidéar cáis léargais thábhachtacha dúinn ar a chasta agus atá sé OCG a fheidhmiú. Nochtann an t-iniúchadh domhain seo ar OCG i naoi scoil ar leith leibhéal suntasach éagsúlachta agus neamhrialtachta ó thaobh feidhmiú agus seachadadh OCG de. Cé gur féidir a rá go bhfuil OCG á fheidhmiú ag roinnt áirithe díobh ar bhealaí atá cosúil lena chéile, cheapfá – is é sin le rá, i dtéarmaí ráiteas polasaí OCG bheith ullmhaithe acu, agus cur chuige ar aon dul lena chéile maidir le sceidealú OSPS/OCG – is léir áfach cur chuige ar leith ag gach ceann acu ó thaobh fheidhmiú an cláir de. Is éard atá thar a bheith soiléir ná go mbíonn tionchar ag gnéithe *aonair* agus ag gnéithe *inmheánacha na scoile* araon ar an méid ina mbíonn múineadh éifeachtach OCG mar thoradh ar pholasaí agus sceidealú. Is ceisteanna ilghnéitheacha iad seo, ach ar mhaithe le sampla a sholáthar is féidir roinnt de na fadhbanna a bhaineann le

5 Seans, go pointe, gur de bharr gur feidhmíodh OSPS de réir a chéile ón tráth ar rinneadh ábhar éigeantach de in 2003, gur aimsíodh go rialta go raibh laghdú i gceist i múineadh OCG ón chéad bhliain go dtí an tríú bliain. Beidh sé de chumas níos fearr ag staidéir eile amach anseo conclúidí soiléire a aimsiú maidir le tionchar sonrach bhliain an Teastais Shóisearaigh ar OCG.

seachadadh OCG a lua. Tugtar samplaí anseo den chás-staidéar a rinneadh i gcás dhá scoil, a mbeifear ag tagairt dóibh anseo mar Scoil Naomh Ita agus Scoil Naomh Marcus

- Bhí deachrachtaí ag Scoil Naomh Ita agus iad ag iarraidh teacht ar chomharba don iar-chomhordaitheoir OSPS, duine ar léir ról ceannródaíoch bheith aici i luathfhorbairt OSPS sa scoil. A mhalairt a bhí fíor i gcás scoileanna eile, a raibh buntáistí leanúnachais acu de bhar an t-aon chomhordaitheoir amháin bheith ann ón tús, ag tacú le múinteoirí agus ag tiomsú ábhar acmhainní i gcaitheamh na mblianta.

- Aithníodh míchompord na múinteoirí i Scoil Naomh Ita mar chonstaic d'OCG, ach i Scoil Naomh Marcus, ba chabhair mhór é grúpa beag múinteoirí oilte a bheith ann (á thacú ag an gcomhordaitheoir OSPS agus ag an Oide) ó thaobh go leor de na dúshláin a shamhlaítear le míchompord an oide a shárú.

Is éard a thaispeánann na torthaí seo agus torthaí *cáilíochtúla* eile, b'fhéidir, ná má mheastar feidhmiú OCG sna scoileanna i dtéarmaí critéar bunúsach nó fíriciúil cosúil le ráiteas polasaí nó comhordaitheoir OSPS bheith ann nó gan a bheith ann, beidh an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an-chuid de na scoileanna mar an gcéanna ó thaobh dul chun cinn agus cur chuige de. Ach nuair a bhreathnaítear orthu ar bhealach níos leithne i dtéarmaí 'timpeallacht tacaíochta sa scoile ina hiomláine' (.i. breis airde a dhíriú ar leibhéal oiliúna na múinteoirí, ceannaireacht, rannpháirteachas na dtuistí agus dearcadh na scoláirí), seans go bhfeicfear go bhfuil cur chuige agus dearcadh difriúla ag go leor de na scoileanna seo i leith OCG. Go hachomair, ba éard a d'aimsigh an staidéar cáis ná go raibh neart neamh-chomhsheasmhachta maidir le seachadadh OCG taobh istigh de na naoi scoil iad féin agus ó scoil amháin go ceann eile, rud a léireodh, b'fhéidir, gur obair chasta í feidhmiú an chláir. Anuas ar sin, aimsíodh go raibh feidhmiú agus seachadadh OCG i gcúpla ceann de na scoileanna go thar a bheith neamh-chomhsheasmhach agus fánach.

I measc na gcur chuige ar fad a aimsíodh sna naoi scoil, aithníodh roinnt saintréithe ar leith (mar aon le cuir chuige agus bearta gaolmhara eile) a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a mbreathnaítear ar OCG, ina ndéileáiltear leis agus ina seachadtar é. Leagtar amach na saintréithe seo i dTábla 3 mar *leanúntas* ó leibhéal íseal go hardleibhéal feidhmithe. Bíodh is nach sainmhínítear ach pointí túis agus deiridh an speictrim i leith gach ceann de na hocht saintréith a aithníodh, d'fhéadfadh scoil bheith in áit 'leathbhealaigh' sa leanúntas ó thaobh bainistiú ceann amháin, roinnt acu, nó na réimsí ar fad a liostaítear.

Tábla 3 Leanúntas feidhmithe/seachadta OCG in iar-bhunscoileanna

Saintréith	Leibhéal íseal feidhmithe →	Ardleibhéal feidhmithe
Comhordú OCG/OSPS	Leibhéal íseal comhordaithe OSPS sa scoil/uaireanta ní bhíonn aon chomhordaitheoir OSPS ann.	Tá comhordaitheoir OSPS díograiseach ceaptha a oibríonn le múinteoirí OSPS agus an fhoireann ar fad d'fhonn tús áite a thabhairt d'OSPS agus OCG. Is Post Freagrachta é post an chomhordaitheora OSPS de réir an Bhoird Bhainistíochta.
Rannpháirteachas Tuismitheoirí	Fíorbheagán comhairliúcháin (más ann ar chor ar bith dó) le tuismitheoirí maidir le hábhar OCG nó ó thaobh polasaí a shocrú.	Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí agus an polasaí á dhréachtú. Cuirtear ar an eolas iad mar gheall ar ábhar OCG.
Stádas	Ní aithnítear luach OCG/OSPS sa scoil. Tá na comhordaitheoirí agus múinteoirí ag strachailt leo i dtimpeallacht atá fuarchúiseach i leith an ábhair.	Tugann na baill foirne ar fad tosaíocht d'OSPS agus tuigtear a luach. Tugtar stádas don ábhar agus 'gnó' ginearálta na scoile á phleanáil agus i measc na scoláirí freisin.
Oiliúint Múinteoirí	Fíorbheagán múinteoirí nó múinteoir ar bith á n-oiliúint d'OCG/OSPS; an scoil beag beann ar thábhacht na hoiliúna. Beagán teacht ar sheirbhísí oiliúna breise.	Foireann múinteoirí agus na háiseanna ar gá acu, a bhaineann úsáid as modhanna foghlama trialacha d'OCG. Cuireann an scoil maoiniú breise ar fáil d'oiliúint don fhoireann ar fad. Caitheann múinteoirí dá gcuid ama féin i mbun oiliúna OCG/OSPS. Teacht éasca ar sheirbhísí oiliúna breise.
Compord Múinteoirí	Múinteoirí ag seachaint OCG, geall leis, de bhar míchompord pearsanta i leith ábhar na "gnéasachta". Easpa polasaí OCG sa scoil agus drogall roimh mhodheolaíochtaí foghlama trialacha. Imní faoi mhíthuiscint /mhíshásamh tuismitheoirí de bhar droch-chumarsáide agus easpa soiléireachta i leith éiteas na scoile.	Tugtar faoi ghnéithe uile OCG ar bhealach dearfa. Tá múinteoirí cleachtach le bheith ag cothú oscailteacht agus muinín na scoláirí. Bíonn muinín ag na múinteoirí astu féin agus iad ag déileáil le ceisteanna éitis. Tacaíocht á fáil i riocht polasaí soiléir OCG, bainistíocht na scoile agus caidreamh soiléir, oscailte le tuismitheoirí.
Tuairimí soiléire i measc na múinteoirí i leith ar féidir a mhúineadh	Tá na múinteoirí thar a bheith neirbhíseach faoi na téamaí ar féidir leo thabhairt fúthu 'gan stró' agus seachnaítear gnéithe áirithe nó gnéithe uile OCG dá bharr.	Muinín ar na múinteoirí maidir lena bhfuil inghlactha i gcomhthéacs OCG agus iad in ann déileáil le gach gné den chlár de réir pholasaí OCG na scoile.
Dearcadh agus tuiscint na scoláirí	Airíonn na scoláirí nach spéis leis na múinteoirí OCG agus go bhfuil siad míchompordach leis; níl siad sásta lena bhfuil á mhúineadh agus níl cleachtadh acu ar chúrsaí caidrimh agus gnéasachta a phlé go hoscailte. Ní théitear i gcomhairle leo maidir le polasaí nó clár OCG.	Muinín ag scoláirí as a múinteoirí OCG agus baineann taithneamh as na ranganna. Iad réasúnta nó an-sásta le hábhar an chláir agus iad compordach i gcoitinne agus in ann cúrsaí caidrimh agus gnéasachta a phlé. Téitear i gcomhairle le scoláirí i leith polasaí agus clár OCG, trí mheán Chomhairle na Scoláire, b'fhéidir.
Tacaíocht Scoile Uile[6]	Easpa spéise pearsanta de chuid go leor den fhoireann in OCG. Leibhéal íseal cumarsáide agus tuisceana i leith oiliúint OCG/OSPS agus forbairt phearsanta. Fadhbanna móra maidir le roghnú múinteoirí. Fíorbheagán rannpháirteachais nó gan rannpháirteachas ar bith ó thaobh na dtuismitheoirí.	Go leor de na múinteoirí oilte le haghaidh OCG/OSPS. Ardleibhéal oscailteachta agus solúbthachta i leith múineadh agus sceidealú OCG. Pleanáil agus measúnú tráthrialta á dhéanamh i leith dul chun cinn OCG, roinntear smaointe, agus tugtar 'tacaíocht mhorálta'. Insítear ar bhealach gníomhach, díreach, do thuismitheoirí conas a mhúintear OCG.

6 Cuimsíonn, cuid mhór, coincheap 'tacaíocht scoile uile' go leor de na saintréithe eile a aimsíodh. Ina dhiaidh sin féin, is tréith í ar fiú aird speisialta a thabhairt uirthi, tharla í bheith ina héascaitheoir lárnach d'OCG agus ina prionsabal treorach le haghaidh feidhmiú éifeachtach an chláir.

Léiríonn an tábla seo na fachtóirí a idirdhealaíonn na scoileanna siúd a bhfuil OCG á fheidhmiú ar leibhéal íseal iontu ó na cinn ina bhfuil ardleibhéal feidhmithe. An rud atá an-spéisiúil faoi, áfach, ná nach gcuirtear ró bhéim ar aon scoil ná múinteoir aonair ar leith; léiríonn an leanúntas neart tréithe a bhaineann le *pobal uile na scoile*. Chomh maith leis sin, ní thugtar le fios gur tábhachtaí gné amháin ná aon cheann eile; taispeánann an leanúntas go gcabhraíonn na gnéithe seo ar fad le feidhmiú OCG, más ann dóibh ar an mbealach a leagtar amach iad i gcás na scoileanna ardleibhéal feidhmithe.

Áisitheoirí OCG, cur i bhfeidhm

Beartas Oideachais Chaidrimh agus Gnéasachta: forbairt agus cur i bhfeidhm

Mheas líon nach beag den rialtas, de rannpháirtithe náisiúnta agus réigiúnacha go raibh forbairt bheartais OCG laistigh de scoileanna ina chuid riachtanach den bpróiseas cur i bhfeidhm. Go mion minic áfach léiríodh imní faoi gcaoi inar chum agus inar úsáid scoileanna a ráitis bheartais, agus dúradh nach raibh sa bhforbairt bheartais i (roinnt) scoileanna ach 'cur i gcéill'.

Dearbhaíonn torthaí ón gcás staidéir an tábhacht a bhaineann le Beartas OCG agus aibhsíonn sé forbairt ***éifeachtúil*** beartas agus an bhaint le lucht leasa a thagann dá bharr mar mhodh cumasaithe criticiúil de chur i bhfeidhm agus seachadadh OCG. Ní leor é doiciméad beartais OCG a bheith agat, tugadh faoi deara gurb é an ***phróiseas comhairlithe beartais*** le múinteoirí, le bainistíocht na scoile, le daltaí agus le tuismitheoirí a bhí ina mhór deitéarmanant ó thaobh luas agus éifeachtúlacht cur i bhfeidhm OCG. Cuireadh in iúl go láidir in agallaimh le príomhoidí scoile, le múinteoirí agus le comhordaitheoirí OSPS gur éascaigh an próiseas comhchomhairle éascaithe a d'imlínigh an Roinn Oideachais (1995) plé i measc múinteoirí, agus gur ardaigh sé sin próifíl OCG laistigh den scoil agus gur shoiléirigh sé smaointeoireacht agus seasamh na scoile ar ábhar OCG sa scoil. Anuas ar sin, luaigh foirne go mion minic laistigh de scoileanna cás staidéir inar forbraíodh beartais tríd an bpróiseas comhchomhairle - agus scoileanna ina raibh taithí ag múinteoirí ar an mbeartas OCG – gur mhór an cabhair dóibh é ina gcuid oibre ráiteas beartais cumtha ar an mbonn seo a bheith acu. Bhí sé seo thar a bheith soiléir i scoil amháin ina raibh beartas OCG an-fheiceáileach laistigh dá lámhleabhair/ ábhair um OCG a mhúineadh agus ar an gcaoi sin bhí rochtain ag gach múinteoir OCG air go héasca.

Ar na iomlán, cuireann na torthaí in iúl go laidir go bhfuil roinnt deacrachtaí le beartas OCG a fhorbairt laistigh de scoileanna dara leibhéal go náisiúnta. Nochtaigh sonraí ón suirbhé nach bhfuil beartas OCG socruithe go fóill ag 40% de scoileanna. Anuas ar sin, ní bhaineann ach líon bheag de scoileanna cás staidéir úsáid as a ráiteas beartais le treoir a fháil maidir le seachadadh OCG. Is díol suntais é go raibh múinteoirí agus príomhoidí laistigh de mhórán scoileanna a rinneadh staidéar orthu, cáinteach go maith faoin modh inar chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta treoracha in iúl dóibh. Mheas siad go speisialta nach raibh go leor acmhainní agus tacaíocht ar fáil chun beartas OCG a fhorbairt nó chun modheolaíochtaí múinteoireachta a chur chun cinn agus a leathnú amach.

> *Measaim go dtugann an Roinn ordaithe agus go ndeireann sé 'déan é' agus nach n-aithníonn sé cad atá fúinn a dhéanamh le nithe a chur i bhfeidhm.*
>
> Comhordaitheoir

> *Na cláir seo, bíonn cuma an-bhreá orthu nuair a fhorbraítear iad agus tá siad ar fheabhas. Agus eisóidh an NCCA treoirlínte iontacha, ach is scéal eile ar fad é iad a chur i bhfeidhm.*
>
> Príomhoide

Go ginearálta, luaigh scoileanna cás staidéir nach raibh beartas OCG i bhfeidhm iontu go raibh siad faoi bhrú ama agus go bhfuil gá le tosaíocht a thabhairt do ghnó scoile eile agus gur baic an gnó sin le beartas a fhorbairt. Faitíos faoi amhras na dtuismitheoirí agus a n-agóidí i leith OCG is mó a tháinig chun cinn mar bhac i gcoinne beartais a fhorbairt laistigh de scoileanna nach raibh ráiteas beartais scríofa acu. Ar an lámh eile, i scoileanna ina raibh beartas forbartha iontu fuarthas go raibh móramh na dtuismitheoirí ag tabhairt tacaíocht do mhúineadh an OCG. Anuas ar sin, níor thug móramh na scoileanna a rinneadh suirbhé orthu aon aird ar 'dearcaí traidisiúnta in Éirinn' mar bhac ollmhór do OCG a chur i bhfeidhm. Tá sé deacair i bhfianaise na dtorthaí seo, seasamh pearsanra scoile a thuiscint a bhfuil eagla orthu go fóill faoi agóidíocht thuismitheoirí i leith OCG agus mar a thoradh ar sin nach dtéann i ngleic le tuismitheoirí faoi OCG. Tugann torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla sa staidéar seo le fios, go bhfuil tuismitheoirí sásta tacaíocht a thabhairt do mhúineadh OCG i scoileanna nuair a dtéitear i gcomhairle leo agus nuair a thuigeann siad go bhfuil siad ar an eolas faoin gclár.

Ceannaireacht Scoile

Luadh ceannaireacht phríomhoide na scoile agus (mar a luadh sa chuid roimhe seo) ceannaireacht chomhordaitheoir OSPS na scoile ar fud gach agallamh cainníochtúil mar ghné rí-thábhachtach ó thaobh tús a chur próiseas cumtha beartais, ag scaoileadh múinteoirí saor d'oiliúint, feasacht faoi OCG/ OSPS laistigh den scoil a chruthú, agus ag cinntiú go bhfuil stádas agus aitheantas ag an ábhar laistigh de phobal uile na scoile. Ar fud na naoi scoileanna a rinneadh dianstaidéar orthu, ba iad siúd gan ceannaireacht láidir agus tiomantas i leith OCG, is lú a mbeadh 'timpeallacht scoile tacúil' cruthaithe iontu do OCG. Arís agus arís eile thug múinteoirí le fios go bhfuil an príomhról ag an bpríomhoide chun OCG a chur i bhfeidhm. Cinnte, bhí sé d'acmhainn ag na príomhoidí a cuireadh faoi agallamh i rith na cás staidéar:

- dul i gcion ar an áit a bhíonn ag OSPS ar an gclárama
- líon na scoláirí sna ranganna a laghdú d'fhonn modheolaíochtaí foghlama ó thaithí a éascú
- stádas OCG/OSPS laistigh den scoil a ardú
- tús áite a thabhairt d'oiliúint do OCG.

Is fiú a lua ar deireadh go léiríonn sonraí ón suirbhé go bhfuil sé níos dóchúla go mbeadh beartas OCG i bhfeidhm ag scoil le comhordaitheoir OSPS ann.

Éascaitheoirí ón Taobh Amuigh

Bhí roinnt díospóireacht ann faoin maitheas a bheadh le héascaitheoirí ón taobh amuigh i measc an Rialtais, agus freagróirí náisiúnta agus réigiúnacha. Mheas go leor gurb iad múinteoirí oilte is fearr a bheadh in ann OCG a sheachadadh. D'aibhsigh daoine eile áfach na deacrachtaí a bhaineann le foirne agus le clárama maidir le OCG agus mheas siad gur acmhainn an -úsáideach iad na héascaitheoirí ón taobh amuigh. Mheas roinnt fhreagróirí ó leibhéal an rialtais dá bhrí sin, gurbh fiú tuilleadh forbairt agus leathnú amach a dhéanamh ar ról na n-éascaitheoirí ón taobh amuigh. Maidir leis an gceist faoi conas a oibríonn agus a imeascann éascaitheoirí ón taobh amuigh laistigh de phobal na scoile, is fiú a nótáil gur chuir roinnt fhreagróirí réigiúnacha in iúl go láidir go raibh gá le gníomhaireachtaí/éascaitheoirí ón taobh amuigh le cur le clár reatha OCG na scoile agus mar bhealach le cinntiú go bhfuil teachtaireachtaí iomlánaíocha agus comhsheasmhacha á sheachadadh leis na scoláirí agus chun ró-bhéim ar theachtaireachtaí coisctheacha a sheachaint. Nochtaigh na héascaitheoirí a chuaigh faoi agallamh ón taobh amuigh an dearcadh seo chomh láidir céanna agus chuir siad uile in iúl an gá a measadh a bheith ann le obair ghníomhaireachtaí lasmuigh a bheith leabaithe

isteach i bprionsabail an Chláir OSPS. Níl ach ceithre cinn de na gníomhaireachtaí dá leithéid léirithe sa staidéar seo agus ní féidir tátail cinnte a bhaint as ar bhonn an líon teoranta agallamh le éascaitheoirí ón taobh amuigh.

Ní haon ábhar iontais é gur aithnigh cúig cinn ar a laghad de na scoileanna gur acmhainn tábhachtach iad gníomhaireachtaí ón taobh amuigh go mór mór nuair atá an- mhíshocracht i measc na múinteoirí féin faoin OCG. Is díol suntais é chomh maith, áfach, gur thuairiscigh díreach scoil amháin gur úsáid siad éascaitheoirí ón taobh amuigh chun chur le chur chuige cuimsitheach in-scoile um OCG a theagasc. Is léir mar sin, sa chás go bhfuil OCG tearc-fhorbartha agus nach bhfuil múinteoirí ar a suaimhneas le OCG, go bhféadfadh scoileanna a bheith ag braith an iomarca ar éascaitheoirí ón taobh amuigh, agus ag eascairt as sin go mbeadh gníomhaireachtaí ón taobh amuigh ag múineadh ***gach*** cuid den OCG. Léiríonn torthaí an tsuirbhé, cé gur thuairiscigh 40% de scoileanna gur úsáid siad éascaitheoirí ón taobh amuigh, gur mhothaigh beagnach 80% de scoileanna go gcuirfeadh níos mó éascaitheoirí ón taobh amuigh 'go mór' no 'beagán' le chur i bhfeidhm agus le seachadadh OCG sa todhchaí.

Seirbhís Tacaíochta OSPS agus oiliúint mhúinteoirí

Thug múinteoirí laistigh de na scoileanna cás staidéir ard-mholadh don oiliúint in-seirbhíse a fuair siad. Bhí na daoine sin a ghlac páirt in oiliúint OSPS agus OCG nó é sin, ar chuir an tSeirbhís Tacaíochta OSPS ar fáil; an-dearfach ar fad faoin eispéireas agus mhothaigh siad gur cabhair é an oiliúint a fuair siad chun scileanna sainiúla a fhorbairt le OCG a mhúineadh. In ainneoin sin, agus tá tábhacht faoi leith ag baint leis seo, bhí éagsúlacht áirithe ann faoi conas a thug scoileanna faoi oiliúint in-seirbhíse agus faoin modh inar éascaigh siad é sin. Mar shampla i ndhá cheann de na scoileanna a roghnaíodh don cás staidéir (dhá scoil iad a raibh an clár OCG á chur i bhfeidhm go láidir acu) chuir siad am agus acmhainní ar leath taobh d'oiliúint mhúinteoirí, bhí sé seo ar fáil do mhóramh na múinteoirí, agus ar an gcaoi sin cothaíodh meas agus feasacht i measc na múinteoirí ***uile*** faoin tábhacht a bhain le OSPS/OCG. Ba léir go raibh ról suntasach ag an gcur chuige seo i dtimpeallacht scoile tacúil a fhorbairt do OCG. Arís, is léir go mbraitheann cuid mhaith ar an gcaoi ina dtugtar tosaíocht do OCG/OSPS sna scoileanna aonair in ainneoin na tacaíochtaí atá ar fáil. Bhí an dearcadh ag freagróirí rialtais, réigiúnacha agus náisiúnta go raibh an tSeirbhís Tacaíochta OSPS thar a bheith tábhachtach i dtéarmaí chur chun cinn agus inbhuanú OCG. Thug líon mhór freagróirí le fios gurb í an oiliúint an príomhthacaíocht a d'fhéadfadh chur chuige níos caighdeánaí maidir le OCG a sheachadadh go náisiúnta.

Cuireann Tábla 4, torthaí ón suirbhé faoi pheirspictíochtaí scoile in iúl cad a chabhródh 'go mór' nó 'beagán' chun clár OCG a chur i bhfeidhm sa todhchaí. Is léir go bhfuil an tSeirbhís Tacaíochta OSPS agus oiliúint in-seirbhíse tábhachtach do na scoileanna i dtéarmaí an tacaíocht a chuireann siad ar fáil dóibh. Ach is léir chomh maith go measann scoileanna go bhfuil gá le cabhair breise ó shaineolaithe ón taobh amuigh nó ó éascaitheoirí chun OCG a sheachadadh.

Tábla 4 Nithe a chabhródh 'go mór' nó 'beagán' chun cláir OCG a chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna

	Líon na scoileanna ag aontú %
Seirbhís Tacaíochta OSPS méadaithe	87%
Tuilleadh sólathair a dhéanamh d'in-seirbhís	84%
Tuilleadh éascaitheoirí ón taobh amuigh sna scoileanna	80%
Níos mó rannpháirtíochta ó na tuismitheoirí	58%
Athruithe sa chlár OCG	37%

Timpeallacht tacúil ar fud na scoile uile

Fuarthas gur gné lárnach é i gcur i bhfeidhm OCG/OSPS é dearchadh dearfach sna scoileanna cás staidéir uile faoin ábhar. Féadfar a rá gurb ionann chur chuige sa scoil uile nó timpeallacht tacúil scoile agus:

- tuiscint sa laistigh den scoile go bhfuil an riachtanas ann go nglacfadh gach ball foirne seilbh ar OCG/OSPS
- comhsheamhacht níos fearr maidir le pleanáil ar fud an churaclaim
- tuilleadh rannpháirtíochta ó thuismitheoirí agus ó scoláirí ó thaobh cinntí a dhéanamh faoi OCG, rud amheas roinnt fhregróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha a bheith lag i roinnt scoileanna.

I ndhá cheann de na scoileanna cás staidéir ar a laghad bhí stádas ag OSPS mar ábhar. Bhí sé i bhfead níos dóchúla go mbeadh rath ar OSPS agus ar OCG i scoil le tacaíocht ón scoile uile don ábhar. Caithfear a aithint go n-éilíonn sé sin breis iarrachtaí agus tiomantais ón bhfoireann, ón na scoláirí agus ó na tuismitheoirí chun stádas a thabhairt do OSPS agus OCG laistigh de na scoileanna. Tugann ár sonraí le fios nach féidir timpeallacht tacúil scoile a bhaint amach gan infheistíocht mhór agus gan iarracht mhór agus go mbraitheann caighdeán agus cainníocht an OCG laistigh de scoileanna aonair faoi láthair ar suim agus tiomantas na bpríomhoidí, na gcomhordaitheoirí OSPS agus na múinteoirí fein.

Baic le cur i bhfeidhm OCG

Srianta ama agus curaclaim

Cuireann Tábla 5 torthaí an suirbhé in iúl faoi na nithe atá ina bhaic le cur i bhfeidhm OCG; bíodh siad 'an –tábhachtach' nó 'tábhachtach' dar leis sna scoileanna:

Tabla 5 Fachtóirí 'an-tábhachtacha', nó fachtóirí atá 'go maith tábhachtach' atá ina mbaic le cur i bhfeidhm iomlán OCG i scoileanna iar-bhunscoile

	% na scoileanna a aontaíonn
An curaclam ró-phlódaithe	82%
An gá leis an méid sin cúrsaí a chomhlíonadh sa mhéid sin ábhair	71%
Míshocracht roinnt mhúinteoirí agus iad a múineadh OCG	71%
An bhrú ó ábhar scrúdaithe	67%

Nochtann an tábla seo béim láidir ar an mbrú ó ábhar (scrúdaithe) eile, curaclam ró-phlódaithe agus na srianta ama dá réir sin mar phríomh baic i gcoinne cur i bhfeidhm OCG. Go deimhin d'fheadfadh na torthaí seo, mar aon leis na bhfigiúirí a bhaineann le cur i bhfeidhm OCG i rith blianta scrúdaithe (pléite roimhe seo), a mhíniú cén fáth go bhfuil an éagsúlacht sin ann i gcur i bhfeidhm agus seachadadh OCG laistigh den gcuid a bhain le cás staidéir sa taighde seo. Tá an cuma ar an scéal nach bhfaigheann OCG an aire atá de díth i measc an bhrú a meastar a bheith ann i gcuraclam atá 'ró-phlódaithe' chéanna féin laistigh de na scoileanna dara leibhéal. Nuair a nasctar é seo le míshocracht an mhúinteora ó thaobh ábhair a bhaineann le gaolmhaireachtaí agus le oideachas gnéasachta, féadfar OCG a chur ar leath taobh, agus is pointe é sin a rinne freagróirí réigiúnacha go minic.

> *Ní fheadar an bhfuil OCG nó OSPS ag luí go cultúrtha laistigh de scoileanna faoi láthair toisc an chultúir atá ann sna scoileanna. Is é ullmhúchán do scrúduithe agus na scrúduithe féin atá i réim agus níl meas ar bith ar aon ábhar nach n-ullmhaíonn leanaí do scrúdú. Ó taobh cultúir de, tá scoileanna dírithe go mór ar thascanna. Is go mbeadh toradh ar gach rud.*
>
> Oifigeach Forbartha Réigiúnach

Mheas freagóirí rialtais, réigiúnacha agus náisiúnta gur fhadhb é srianta ar am an mhúinteora; mheas siad nach mbíonn go leor am ag múinteoirí chun na scileanna cuí le OCG/OSPS a mhúineadh agus/nó nach mbíonn go leor ama acu chun acmhainní oiriúnacha a bhailiú. D'fhéadfadh sé a bheith deacair do mhúinteoir tiomantas a thabhairt d'ábhar nach ábhar scrúdaithe é, nach mbíonn ach uair an chloig sa tseachtain ann do gach bliain ghrúpa, toisc na brúnna ón gclár ama agus ó na scrúdaithe chomh maith. Cé go raibh OSPS leagtha síos i gclár ama gach ceann de na scoileanna cás staidéir, bhí sé san iomaíocht ó thaobh am, spáis agus aitheantais le líon mhór ábhar acadúla.

OSPS stádas agus dearcaidh faoi OCG

Ba é an stádas íseal ag OSPS a nochtadh mar thionchar suntasach diúltach ar chur i bhfeidhm agus ar seachadadh OCG ag an scoil. Ar fud na scoileanna uile a roghnaíodh do chás staidéir, bhí sé deacair ar OSPS aitheantas a fháil. Thug múinteoirí le fios go minic nach raibh meas ag scoláirí ar an ábhar toisc nach ábhar scrúdaithe é. Bhí na scoláirí a labharaíomar leo an-feasach faoi stádas íseal OCG laistigh dá scoileanna agus go minic níor aontaigh leis an smaoineamh nár thóg siad OSPS go dáiríre.

> *Ní ábhar scrúdaithe é agus marsin ní thógann na múinteoirí dáiríre é.*
> *Ní hé nach dtógann na scoláirí an t-ábhar go dairíre, is an rud é ná nach múineann siad é.*
>
> sa Timthriall Sóisearach

Ag leibhéil rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha, bhí imní faoi leith ar roinnt fhreagróirí faoi stádas OCG *laistigh* de OSPS. Cé gur breathnaíodh ar chomhtháthú OCG i gclár OSPS mar rud luachmhar agus oiriúnach, níor mheasadh go raibh sé slán ó deacrachtaí, go mór mór i leith na ndúshlán roimh OSPS é féin chun stádas agus aitheantas a bhaint amach dó féin i scoileanna. Dúirt roinnt daoine go laghdaíonn an easpa OSPS sa Timthriall Sinsearach an tábhacht a meastar a bheith le OSPS mar ábhar, agus go minic dúradh nach féidir buntáistí uile OCG a bhaint amach toisc nach bhfuil curaclam sinsearach ann don ábhar. Léiríodh imní chomh maith faoin nós atá ag roinnt mhúinteoirí an modúl OCG a fhágáil ar lár nó neamhshuim a dhéanamh de laistigh de OSPS, toisc nádúr dúshlánach OCG.

> *Seachnaíonn múinteoirí nach bhfuil ar a suaimhneas an OCG laistigh de OSPS. Ionas gur féidir leo a rá 'sea tá OSPS ar siúl againn', ach ní éiríonn leo an cuid faoi OCG a dhéanamh riamh; d'fhéadfaidís rud tapaidh a dhéanamh de ag deireadh na scoilbhliana nó, 'gheobhaidh mé duine éigean le teacht isteach, an Dochtúir áitiúil nó labhróidh mé leis an mbanaltra sláinte poiblí nó rud éigean'. Ar an gcaoi sin déanfar dearmad air agus is féidir le OSPS é a chur faoi chéilt ionas nach ndéanfar i gceart é i scoileanna.*
>
> Oifigeach um Chothú Sláinte

Tháinig sé aníos go minic i measc freagróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha, gur mheas siad go raibh gá le haird a thabhairt ar sheasamh gairmiúil na múinteoirí maidir le múineadh OCG agus OSPS, agus toisc nach bhfuil chur chuige cuimsitheach réamh-sheirbhíse do chreidiúnú ann do na hábhair seo in Éirinn. Go traidisiúnta ní raibh OSPS nó OCG ina chuid de phróifíl ghairmiúil nó ina chuid de shaol gairmiúil múinteoirí, agus léiríonn ár sonraí go bhfuil deacrachtaí ann le stádas OSPS/OCG i measc múinteoirí iad féin. Tá an cheist seo nasctha arís leis a tosaíocht a thugtar d'abhar acadúla laistigh den chóras dara leibhéil. Mar a mhol Príomhoide amháin:

> *Tá móramh na múinteoirí Béarla, Gaeilge, Staire agus Tíreolaíochta dírithe ar ábhar - agus ar scrúdaithe. Faraor is é rás na bpointí agus córas na bpointí a chuir brú orainn a bheith mar sin. Mar sin ní bheadh ach fíor bheagán eolais ag an múinteoir ginearálta go bhfuil clár cosúil le OSPS/OCG ar siúl fiú.*
>
> Príomhoide

Ní rud neamh ghnách é dó mhúinteoirí OSPS a rá gur mhothaigh siad gur cheap a gcomhghleacaithe go raibh an t-ábhar ina ábhar sa bhreis nó gur saghas sos é. Chuir roinnt mhúinteoirí in iúl go bhféadfadh daoine breathnú ar mhúineadh OSPS nó ar iarratas é a mhúineadh mar chineál céim anuas nó mar díghrádú ar a stádas gairmiúil. Tugann dearcaí comhordaitheoir OSPS amháin léargas úsáideach ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis an stádas íseal atá ar OSPS agus OCG laistigh de mhórán scoileanna:

> *Mura bhfuil stádas ag an ábhar, déan dearmad air. Tá a fhios agat go bhfuil an curaclam lán suas, agus bíonn gach éinne ag lorg aire faoi leith dá n-ábhar féin. Agus mura mbíonn meas ar rud éigean….agus is caint cuid mhaith de. Agus má chaitear mar sin leis bhuel... cén meas a bheadh ag na scoláirí nó ag múinteoirí eile air?*
>
> Comhordaitheoir OSPS

Suaimhneas Múinteoirí le OSPS

Mar a luadh i dTábla 5, luaigh scoileanna míshuaimhneas na múinteoirí mar bhac ó thaobh OCG a chur i bhfeidhm. Tá aird tarraingthe ag litríocht idirnáisiúnta ar an éifeacht diúltach a bhíonn ag imní mhúinteoirí faoi oideachas faoi ghaolmhaireachtaí agus gnéasacht a sheachadadh (Alldred et al. 2003, Wight & Scott 1994). Tugann chuid mhaith de shonraí cainníochtúil an suirbhé seo le fios gurb é easpa suaimhnis na múinteoirí le clár ábhar OCG atá ina bhac suntasach ar sheachadadh an chláir seo. Thug freagróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha aird go minic ar fhadhbanna le:

- náire pearsanta an mhúinteora le bheith ag múineadh faoi ghnéasacht
- imní na múinteoirí faoi thuairimí na dtuismitheoirí faoi OCG a mheas siad a bhí de thoradh easpa cumarsáide idir scoileanna agus tuismitheoirí faoi chlár ábhar OCG.
- cumas na múinteoirí féin cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le deagóirí faoi ghnéasacht
- imní na múinteoirí faoi cad is féidir déileáil leis go 'sábháilte' i gcomhthéacs OCG a sheachadadh
- leisce ar roinnt mhúinteoirí chur chuige um fhoghlaim ó thaithí a úsáid i gcomhthéacs OCG.

I measc na scoileanna a roghnaíodh do cás staidéir, léiríonn na tuairiscí ó líon mhór thuismitheoirí agus scoláirí go raibh an-difríocht idir chompord na múinteoirí le OCG a mhúineadh laistigh agus ar fud na scoileanna a roghnaíodh don cás staidéir. Bhraith an heispéiris éagsúla a thuairiscigh na scoláirí faoi OCG ar leibhéal compoird na múinteoirí go minic le plé oscailte faoi ghnéasacht. Chuir tuismitheoirí in iúl chomh maith an difríocht a bhí ann idir chur chuige na múinteoirí agus na scoileanna le OCG.

> *Is é a mhúintear ann, de réir mar a thuigimse é ná, go mbaineann sé leis an múinteoir agus gurb é sin an clár a chlúdaíonn siad, arís réiteach Éireannach ar fhadhb Éireannach.*
>
> Tuismitheoir

Seans go bhfuil sé suntasach go ndúirt scoláirí go minic gur bhain chur chuige (easnamhach) a scoil i ndáil le hOCG go mór le héiteas chaitliceach no reiligiúnach na scoile agus mheas siad gur shainigh agus gur shrian sé sin teorainn na nithe a d'fhéadfadh na múinteoirí agus an scoláirí a phlé.

> S1: *Déantar rud beag de (OCG). Bhuel, toisc go gceapaim nach bhfuil cead againn labhairt faoi toisc gur scoil chaitliceach í seo.*
>
> S2: *Is beag múinteoir a bheadh cróga go leor anois.*
>
> S3: *Ceapann siad (na múinteoirí) gur ábhar amhrasach é toisc nár chóir dóibh labhairt faoi. Ach go ginearálta, ní dóigh liom go mbactar leis pé ní é. B'fhéidir nach dteastódh ó thuismitheoirí go mbeadh a fhios ag a leanaí cuma cén aois iad.*
>
> Scoláirí sa Timthriall Sinsearach

Tugann an cás staidéir seo léargas úsáideach ar nithe a théann i bhfeidhm ar chompord an mhúinteora. Mar shampla, laistigh de thrí scoileanna, bhí éifeacht diúltach ag an easpa beartais scríofa OCG ar chompord na múinteoirí agus ar a gcuid muiníne le OCG a sheachadadh. Thug roinnt le fios gur mhothaigh siad lag toisc nach raibh aon struchtúr tacaíochta ann sa scoil (lena n-áirítear beartas OCG scríofa) agus i gcás go mbeadh tuismitheoirí ag agóidaíocht faoi gnéithe den gclár OCG. Sna scoileanna seo, bhí an chosúlacht ar an scéal gur chruthaigh an easpa beartais scríofa imní do na múinteoirí, a mhothaigh nach raibh mórán nó fíor bheagán treoir á fháil acu ón mbainistíocht faoi cad go díreach a d'fheadfaí a mhúineadh agus a phlé i gcomhthéacs ranganna OCG.

Lasmuigh de mhíchompord múinteoirí le ábhar OCG, bhí leisce cinnte ann i measc roinnt mhúinteoirí na modheolaíochtaí foghlama trí thaithí nó trí ghníomh a úsáid laistigh de roinnt mhaith de na scoileanna a roghnaíodh do chás staidéir. Cé go moltar an chur chuige seo do mhúinteoireacht ar fud an curaclaim dara leibhéil, is léir go gcruthaíonn sé imní suntasach do roinnt mhúinteoirí, laistigh de mhúineadh OCG ach go háirithe. Toisc imní láidir a bheith ar mhúinteoirí faoi smacht nó meas a chailliúint ní bhíonn siad ró thógtha le modheolaíochtaí foghlama trí thaithí a úsáid agus iad ag múineadh OCG. Arís, d'fhéadfadh go mbeadh baint láidir ag ábhar OCG leis seo. Scoil amháin as na naoi scoileanna a ghlac le modheolaíochtaí foghlaim trí thaithí laistigh de OCG ar leibhéal ar fud na scoile. Mhínigh comhordaitheoir na scoile seo cén fáth go bhféadfadh an modh seo imní a chruthú do mhúinteoirí:

> *Tá fadhbanna ag go leor múinteoirí leis an ábhar (OCG) toisc nach éascaitheoirí iad, ní éascaitheoirí oilte iad. Tá siad oilte le siúl isteach seasamh os comhair ranga agus iad féin a iompar cosúil le deachtóirí. Is cailc agus caint fós é..nuair a éascaíonn tú caithfidh tú a bheith réidh le píosa duit féin a thabhairt agus cuireann sé sin scanradh ar roinnt daoine.*
>
> Comhordaitheoir

Ar deireadh mheas go leor de na héascaitheoirí ón taobh amuigh nach raibh múinteoirí dara leibhéal feistithe i gceart le OCG a sheachadadh mar seo. 'Tá siad ag dul i bhfad amach óna ról mar mhúinteoirí.'

Neamhréireachtaí in oiliúint

Ba cheist a tharraing múinteoirí anuas i gceithre chinn de na scoileanna chás-staidéir ná an easpa d'oiliúint réamhsheirbhíse, agus mothaíodh go ndeachaigh an t-easnamh seo díreach i bhfeidhm ar stádas an OCG/OSPS i measc múinteoirí. Is cosúil go bhfuil sé réasúnta a mhaíomh go gcuideodh oiliúint réamhsheirbhíse le cur i gcoinne in aghaidh bogadh ón gcur chuige traidisiúnta 'cailc agus caint' go dtí cur chuige foghlama níos gníomhaí do mhúinteoireacht OSPS/OCG a mhaolú.

Cé gur mheas freagróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha i gcoitinne go raibh oiliúint OCG rathúil, bhíothas buartha, chomh mhaith, nár ghlac cuid mhór múinteoirí páirt go fóill in oiliúint OCG ar bith. Measadh gur bhac mór do mhúinteoirí ag fáil go leor oiliúna é tráth scaoilte, agus aithníodh go raibh an dearcadh agus ceannaireacht de na príomhoidí ríthábhachtach do conas a bainistíodh oiliúint in seirbhíse agus conas a tugadh fúithi i measc scoileanna aonair:

> *Tá príomhoidí go fóill ag obair ar an bhonn gur féidir le múinteoir amháin dul (le haghaidh oiliúna) agus a insint do na múinteoirí eile fúithi, agus sílim go bhfuil an OSPS freagrach as tacú le seirbhísí chun an teachtaireacht cheart a chur ina luí ar phríomhoidí go bhfuil gné d'fhorbairt phearsanta d'oiliúint OCG agus nach dtig le múinteoir amháin teacht ar ais agus insint do dhaoine eile fúithi.*
>
> Oifigeach Forbartha Réigiúnach

Ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, cuireadh in iúl fosta go rabhthas buartha faoin leorgacht d'fhoráil oiliúna in seirbhíse faoi láthair, agus lochtaigh cuid freagróirí rud ar thug siad cur chuige 'aon uaire' d'oiliúint air. Mar a luadh thuas, chuir dhá cheann de na scoileanna chás-staidéir am agus acmhainní ar leataobh d'oiliúint bhreise do OCG agus ba chosúil gur mhó an leas a bhain siad as an infheistíocht seo.

Fiú nuair a bhíonn oiliúint pleanáilte go maith agus cuid mhór acmhainní aici, féadfar dúshláin mhóra a bheith ag baint le hathrúchán múinteoirí i measc scoileanna sa chruthú de ghrúpa mhúinteoirí OSPS/OCG oilte. Ar a bharr sin, féadfaidh an t-imlonnú de mhúinteoirí neamhoilte go OCG/OSPS a theacht as mar gheall ar srianta shocrú amchláir, fiú nuair atá múinteoirí oilte eile ar an bhfoireann. I gcásanna eile, is féidir leis tarlú go roghnóidh múinteoirí a thugann faoi oiliúint gan an clár a mhúineadh.

Rinne príomhoide amháin cur síos ar chuid de na fadhbanna a bhaineann le hoiliúint OCG agus an dúshlán níos ginearálta de mhúinteoirí a roghnú atá réidh le OSPS/OCG a mhúineadh:

> *Tá muid scafa síos go triúr múinteoirí OCG, agus is é scafa an focal ceart mar bhí an t-am ann nuair a bhí seisear nó seachtar múinteoirí oilte againn. Tá beirt dhaoine againn thuas staighre atá lán oilte agus nach ndéanfaidh an clár. Agus baineann sé go mór mór leis an phearsantacht atá ag daoine a ghlacfaidh páirt sa chlár seo i scoileanna.*
>
> Príomhoide

Tá sé tábhachtach a lua fosta nach féidir a rá go bhfuil gach scoil ar chomh chéim lena chéile i dtaca le hoiliúint, mar gheall ar an infhaighteacht éagsúil de Sheirbhís Tacaíochta an OSPS ar fud cheantair Fheidhmiúchán Sheirbhís Sláinte. Mar fhocal scoir, tábhachtach, ní raibh an tiomantas d'oiliúint leantach a mhaoiniú ann sa chuid is mó de na scoileanna chás-staidéir agus ní thig glacadh leis go bhfuil seo ar fáil i bhformhór na scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre. Tá sé le tuiscint ó na ceisteanna agus na tosca le chéile a théann i bhfeidhm go láidir ar oiliúint OCG, go bhfuil cur i bhfeidhm agus seachadadh OCG éifeachtach ag brath i bhfad níos mó na linne seo ar an *tionscnaíocht agus tiomantas pearsanta* de phríomhoidí scoile, chomhordaitheoirí OSPS agus mhúinteoirí.

Roghnú Múinteora

Bhí sé ráite go minic ag lucht bainistíochta na scoile, múinteoirí agus scoláirí sna scoileanna chás-staidéir gur ghá do mhúinteoirí a bheith "ag fóirstean" do bheith ag obair le OSPS/OCG mar réimsí ábhair, agus dúradh go minic nach raibh an méid oscailteachta, muiníne agus/ná compoird atá de dhíth le ranganna in OCG ach go háirithe a thabhairt ag gach múinteoir.

Dúirt cuid mhór príomhoidí scoile agus comhordaitheoirí OSPS fosta nach raibh gach múinteoir ag fóirstean do OCG/OSPS nó nach raibh go leor spéise acu iontu, agus bhí dúshláin mhóra ag baint leis an scéal seo nuair a bhíothas ag roghnú múinteoirí do OSPS. Ba chomaoin í a chruthaigh níos mó dúshlán an gá le baint a bheith ag múinteoirí oilte sa chlár:

> *Creidim gur rud iontach speisialta é agus is é mo bharúil nár cheart go dtabharfaí seans ach amháin do dhuine ar mian leo a dhéanamh. Ní dóigh liom gur cheart a rá, 'Oh, tá bearna bhreise agat sa chlár ama, cuirfidh mé d'ainm síos'. Ní oireann sé do gach duine agus tuigeann na scoláirí sin faoi cheann deich nó cúig bhomaite déag; bíonn a fhios acu cé atá ar a shuaimhneas leis agus cé nach bhfuil'.*
>
> Leas phríomhoide

Bhí an oiread sin brú múinteoirí a chur síos do OCG/OSPS gur admhaigh cuid príomhoidí go raibh cathuithe nach beag ann múinteoir nó múinteoirí a raibh tréimhsí ranga ar fáil ar a glár ama acu a roghnú: "Go háirithe nuair a amharcann tú air agus deir tú, 'A Dhia, ní ábhar scrúdaithe é fiú'. Sin an fhírinne atá taobh thiar den fhodar scrúdaithe a chuirimid amach" (Príomhoide). Sa dóigh chéanna, mothaíodh go raibh fadhbanna móra ag baint leis an dtreoshuíomh acadúil den chóras scoile dara leibhéal don roghnú de mhúinteoirí, mar atá cruthaithe sa ráiteas seo thíos ón gcomhordaitheoir i scoil eile:

> *Sílim go bhfuil sé iontach cruaigh ar bhainistíocht, leis an bhfírinne a rá. Mar is scoil acadúil muid. Tá rud éigin cearr le scoileanna Éireannaigh nuair a bhíonn siad ag iarraidh pointí agus áiteanna a fháil – sin an tosaíocht thar oideachas sóisialta. Is easpa mhillteanach í inár sochaí.*
>
> Comhordaitheoir

Dealraíonn sé go gcuirtear as don phrionsabal de OCG/OSPS saorálach ag na constaicí de shocrú amchláir agus ag deacrachtaí foirne níos ginearálta. Mar a dúirt Leas phríomhoide amháin, "Cuirtear ceist ar dhaoine ach in amanna bíonn do lámha ceangailte, tá a fhios agat. Ní bhíonn go leor daoine agat le gach rud a dhéanamh." Is léir nach scéal inmhianaithe é seo, ní idéal é, nuair a thugtar san áireamh na héilimh phearsanta a bhaineann le OCG. Cé go bhfuil ar an eolas faoi inmhianaitheacht de rannpháirteachas saorálach in OSPS, ní fhéadfaí a rá go gcloíonn ach trí scoil le polasaí saorálach ar an gceist de cé a ghlacfaidh freagracht as an ábhar. Bhí níos mó múinteoirí a d'fhreastal ar oiliúint OSPS agus OCG inseirbhíse ag na scoileanna seo agus rinne siad monatóireacht ar an leibhéal chompoird a bhí ar mhúinteoirí trí chruinnithe pleanála rialta. Bhí an chuma ar an scéal fosta gur chuir siad a gcuid smaointe faoin chlár in iúl níos éifeachtaí agus le níos mó oscailteachta. Ba é an toradh a bhí ar an gcur chuige seo i gcuid cásanna ná nár mhothaigh múinteoirí go raibh siad faoi bhrú *gach* gné de OSPS a mhúineadh.

> *Déanfaidh cuid múinteoirí OSPS agus beidh siad breá sásta an clár a dhéanamh, diomaite den chuid a bhaineann le hoideachas gnéis, an dtuigeann tú? Déanfaidh siad gach rud a bhaineann le luachanna agus féinfheasacht agus gach rud eile ach ní bheidh siad ar a suaimhneas leis an chuid seo (OCG) de. Agus in amanna, tarraingeoidh siad siar as. Agus ansin, mar a deirimid, comhthoghaimid múinteoirí eile atá á dhéanamh le tamall fada anuas, ach nach bhfuil ar an gclár faoi láthair, b'fhéidir, agus cuidíonn siad linn.*
>
> Múinteoir

Tosca agus próisis eile a théann i bhfeidhm ar sheachadadh OCG

Éiteas na scoile

Tuairiscíodh ag Norman (2006) go raibh tionchar mór ag éiteas na scoile ar conas a thuigeann agus a théann siad i gceann homaighnéasachais taobh istigh den earnáil dara leibhéal. Tá sé le tuiscint ónár gcinneadh go bhfuil an cheist d'éiteas na scoile agus conas a théann sé i bhfeidhm ar OCG, go bhfuil sé cumhdaithe go fóill le débhrí, as a dtagann tuiscintí pearsanta ar 'éiteas' ó mhúinteoirí, difríochtaí maidir le conas a théann siad i gceann an ábhair de OCG go ginearálta agus ach go háirithe, maidir le conas a théann siad i gceann topaicí cosúil le frithghiniúint, húsáid choiscíní agus homaighnéasachas. Ag leibhéil rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha, mhothaigh cuid mhór freagróirí gur mhothaigh múinteoirí OCG go raibh siad ceangailte ag éiteas scoile (Caitliceach de ghnáth), le cuid acu ag maíomh gur chruthaigh an easpa de shoiléire ar cad é go díreach a d'fheadfaí a mhúineadh agus a phlé cuid mhór éiginnteachta do mhúinteoirí. Mothaigh daoine eile áfach, go raibh imní faoi éiteas na scoile ina 'bhrat deataigh', nár léirigh sa lá atá inniu ann an fhírinne faoi cad é a raibh glacadh leis agus cad é a bhí iarraidh (i measc tuismitheoirí, na sochaí i gcoitinne agus, b'fhéidir, na hEaglaise) ó OCG scoilbhunaithe.

> *Mar a dúirt mé, is cosúil go raibh an oiread sin athraithe cultúrtha againn thar an deich nó an cúig bliana déag seo caite. Is deargeolaire é a mholadh go mbeadh Boird (bainistíochta) ag machnamh ar ábhar an chláir seo, tá a fhios agat, ní dóigh liom féin go mbeidís*
>
> Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

Léiríonn agallaimh agus fócasghrúpaí le múinteoirí sna scoileanna roghnaithe do chás-staidéar go dteann múinteoirí le cur chuige éagsúil d'éiteas na scoile. Tá sé le tuiscint ó na sonraí seo fosta gur beag múinteoir a mhothaigh muiníneach as a gcur chuige i dtopaicí 'sábháilte' agus cuí a roghnú taobh istigh den mhúineadh de OCG. Mar a thugann na ráitis thíos le tuiscint, tarlaíonn sé go mbíonn cuid múinteoirí ag iarraidh a n-imní agus a n-eagla faoi cad é atá sábháilte a fhreagairt a láimhseáil, mar gheall ar éiteas Caitliceach nó reiligiúnach na scoile:

> *Déarfainn de ghnáth, gur seo dearcadh na hEaglaise agus is scoil Chaitliceach í seo. Ach níor stop an t-eagla de thine Ifrinn agus de dhamnú i rith síoraíochta ar fad daoine óga ag luí lena chéile, agus caithfidh tú bheith réadúil fosta. Mar sin, chuirfinn san áireamh é [an dearcadh Caitliceach] agus mé ag cur túis leis an ábhar agus gheobhainn bealach thart air ar an dóigh sin.*
>
> Múinteoir

> *Ní dóigh liom go bhfuil [éiteas agus OCG] deacair a dhéanamh le chéile, an rud atá ann ná go bhfuil sé ciotach. Mar shampla, i dtéarmaí praiticiúla go díreach, bhí scoláire agam a d'inis dom go raibh sé homaighnéasach, agus fágadh go raibh mé trína chéile ag dul idir cad é a bhí fóirsteanach ó thaobh reiligiúin de agus i dtéarmaí eolas a thabhairt dó.*
>
> Múinteoir

Léiríonn an dá chás thuas an easpa de shoiléire a d'fhéadfadh a bheith ann i measc múinteoirí faoin ról d'éiteas na scoile agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal seo ar conas a mhúineann múinteoirí OCG agus/nó conas a fhreagraíonn siad ceisteanna nó fiosrúcháin áirithe ó na scoláirí. Tarraingíonn an dara scéal, ach go háirithe, ceisteanna ríthábhachtacha anuas maidir leis na constaicí a d'fhéadfadh a bheith curtha ar mhúinteoirí agus a gcumas freagairt go cuí do na riachtanais de chuid dá scoláirí ar a laghad. Is léir go bhfuil débhrí den chineál seo neamh-inmhianaithe agus is é an toradh a bhíonn ar seo ná go dtarraingíonn sé amhras ar chuid de na cuspóirí lárnacha de.

Acmhainní

D'aithin freagróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha sa chás gur cuireadh tús leis an gclár OCG gan acmhainní teagaisc fairsinge, d'aithin siad gur laige agus bac luath iad seo ar an gcur i bhfeidhm de OCG. Anuas ar sin, thug roinnt daoine chun suntais go bhfuil na ábhair acmhainní reatha don mhúineadh de OCG uireasach, agus i gcuid cásanna, as dáta. Mar shampla, níl fáil ag gach scoil ar acmhainní closamhairc chomhaimseartha le tacú leis an múineadh de OCG.[7] Mar thoradh, níl an dara rogha ag múinteoirí ach ábhair a úsáid a shíleann siad atá as dáta go minic.

> *Ganntanas acmhainní – sin an fhadhb mhór atá agamsa. Ceapaim dá mbeadh físeán nó DVD ann a bhí suas chun dáta, go mbeifí ag déileáil le, tá a fhios agat, leis na brúnna a bhfuil daoine óga fúthu sa lá atá inniu ann; ní rud éigin a rinneadh thart fá cúig bliana déag nó fiche bliain ó shin, arb amhlaidh an cás leis an gceann atá mé á úsáid.*
>
> Múinteoir

Lochtaigh scoláirí i scoileanna inár úsáideadh físeáin a bhí as dáta an t-ábhar a bhí iontu, a mheas siad a bheith moráltaíoch agus ina rud nár bhain lena saol agus a dtaithí ar chor ar bith.

> *Dúirt sí [aisteoir an fhíseáin], 'Thabharfadh Dia maithiúnas duit', agus a leithéid. Is amhlaidh gur cuma le cuid daoine, is cuma le cuid daoine faoi reiligiún agus a leithéid. Ní bheadh aird ar bith acu ar an bhfíseán fiú...*
>
> Scoláire sa Timthriall Sóisearach

Tá sé suntasach gur lú an dóchúlacht go dtarraingeodh múinteoirí an cheist d'ábhair acmhainní anuas nuair a bhí siad á gcur faoi agallamh, rud a léiríonn aird ar chúraim acmhainní daonna agus ar cheisteanna de struchtúr níos ginearálta a théann i bhfeidhm ar mhúineadh OCG. Ba bhac mór é áfach, an éifeacht a bhí ag ranganna móra, go háirithe do chur chuige foghlama ghníomhaigh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur sheas scoil amháin amach ó na scoileanna eile mar, i measc fáthanna eile, gur roghnaigh sí an méid scoláirí sna ranganna OSPS a ghearradh síos go 14/15 scoláire. Baineann an t-alt seo a leanas leis an gceist den mhéid scoláirí sna ranganna agus acmhainní a chur ar fáil.

7Tá DVD dar teideal 'Busy Bodies' a cuireadh le chéile chun an curaclam OSPS a chomhlánú ar fáil do gach bunscoil. Tá sé oiriúnach do leanaí 10-14 bliana d'aois a bheag nó a mhór. Cuirfear DVD a bheidh oiriúnach do pháistí níos sine ar fáil do scoileanna iar-bhunoideachais gan mórán moille.

Mheas cuid mhór rannpháirtithe scoile gur ghá go léireodh ábhair acmhainní OCG an saol sóisialta dáiríre d' ógánaigh agus na dúshláin a dtéann siad i ngleic leo. Tharraing múinteoir amháin aird ar an nganntanas acmhainní deartha go sainiúil faoi choinne scoláirí 'níos laige', agus rinne múinteoirí eile gearán faoin easpa d'ábhair teagaisc a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú agus iad ag déileáil le buachaillí amháin nó le ranganna measctha. I bhfocail eile, b'fhíor do mhúinteoirí an gá a bhaineann le réimse ábhar a dhíríonn ar éagsúlacht agus ar dhifríocht i measc a scoláirí a aithint.

Easpa Tiomantais Airithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta

B'fhorbairt thábhachtach i gcóras oideachais na hÉireann í nuair a tugadh OCG isteach agus léirigh sé tiomantas mór ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) go gcuirfí oideachas gnéis scoilbhunaithe ar fáil. Ag an am seo, infheistíodh acmhainní suntasacha in oiliúint mhúinteoirí agus (níos lú is dócha) i bhfaisnéis a chur ar fáil ar phríomhoidí scoile, mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí mar iarracht chun an cur i bhfeidhm de OCG a bhrú chun cinn. Mheas cuid mhór freagróirí rialtais, náisiúnta agus réigiúnacha gurbh é an leibhéal seo d'infheistíocht in OCG a d'éascaigh an tús le OCG. Ag leibhéal na scoile, áfach, tharraing múinteoirí, príomhoidí scoile agus comhordaitheoirí OSPS aird ar ghnéithe de bhainistíocht agus d'acmhainniú na Roinne de OCG, a léirigh easpa ghealltanais ón ROE don chlár, dar leo. Rinneadh tagairt ní ba luaithe do ghearáin a rinne príomhoidí ach go háirithe, maidir le conas a thug an ROE OCG isteach i scoileanna. As siocair go mothaíonn scoileanna nach bhfuil an dara rogha acu ach cláir cosúil le OCG a dhéanamh, ba mhinic a dhearbhaigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh tuiscint lag ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar na constaicí a bhíonn os comhair scoileanna ó lá go lá agus iad ag iarraidh a leithéid de chláir a chur i ngníomh agus a sheachadadh. Mar sin, cé gur admhaigh cuid mhór acu gur chuir an Roinn cuid mhór infheistíochta isteach in oiliúint inseirbhíse, maíodh go raibh fadhbanna ag baint leis an scaoileadh de mhúinteoirí le haghaidh oiliúna a ndearnadh neamhaird orthu den chuid is mó.

> *Tá sé iontach lag, cinnte. Níl an chuma ar an scéal go dtuigeann siad reáchtáil na scoile ó lá go lá agus na srianta atá ar ábhair, mhúinteoirí, agus ar an gcuraclam é féin. Is minic a thugann an Roinn orainn cláir mar seo a dhéanamh agus ina dhiaidh sin, bíonn inseirbhís acu, agus in amanna, ní fhaigheann na múinteoirí an oiliúint atá de dhíth orthu. Agus is rud iontach suaiteach é oiliúint. Bhí duine dár múinteoirí ar shiúl ar feadh dhá lá ansin don oiliúint agus bhí orainn ionadaí a fháil isteach. Agus deir cuid mhór príomhoidí, 'Ní thiocfadh liom a bheith gaibhte le seo'.*
>
> Príomhoide

Lochtaigh daoine eile an treoir do shocrú amchláir (i.e. cothrom le tréimhse ranga amháin de OSPS in aghaidh na seachtaine), ag maíomh nár léirigh an t-íosriachtanas ach tiomantas beag don chlár ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

> *Sílim dá mbeadh an Roinn dáiríre faoi, go dtabharfaidís próifíl cheart dó ar an gcuraclam. Ní ach gotha comharthach é tréimhse amháin in aghaidh na seachtaine.*
>
> Leas phríomhoide

Dar le Príomhoide amháin, gurb iad na hiarmhairtí do scoileanna ar fud na tíre den neamhréiteach seo idir reitric Roinne agus na tacaíochtaí a tháirgeann siad do scoileanna leis an gclár a sheachadadh, ná go meastar i gcónaí gur "clibeáil" den churaclam atá ann cheana féin í OCG.

> *Sílim nuair a cuireadh é [OCG] ar an gcuraclam, go rabhthas buartha sna scoileanna faoi conas a chuirfimis seo i bhfeidhm. Agus síleadh, leis an bhfírinne a rá, gur clibeáil den churaclam a bhí ann cheana féin a bhí inti. Agus sílim gurb amhlaidh an cás go fóill i scoileanna.*
>
> Príomhoide

Gan dabht, is iad múinteoirí éifeachtacha agus tréan ama na hacmhainní is tábhachtaí do OCG i scoileanna. Cé gurbh fhéidir seo a rá i gcás gach ábhar, tá sé i gceist leis an leibhéal d'infheistíocht phearsanta a éilíonn OCG, gur dócha go mbeidh an dúshlán acmhainní daonna níos mó do OCG ná mar a bheith sé do chuid mhór ábhar eile sa churaclam.

> *Caithfidh na hacmhainní cuí a bheith ann le tacú leis na cláir, caithfidh an t-am sin a bheith ann … i dtreo is go mbeadh na cláir seo ag obair caithfidh tú a bheith in ann triúir múinteoirí a bheith agat i dteannta a chéile ag an am céanna, agus, i saol foirfe, bheadh grúpaí beaga acu a chuiridís chun cainte. Tá sé an-deacair OCG a mhúineadh i rang tríocha dalta.*
>
> Príomhoide

Faoi dheireadh, dúirt beirt Phríomhoidí dá mbeadh an Roinn le tiomantas láidir do OCG a thaispeáint, go n-infheisteodh sí i bhfad níos mó sa chur ar fáil d'fhoireann bhreise, go n-ísleodh méid an ranga OSPS, go dtabharfadh sí níos mó ranganna do OSPS agus go dtabharfadh sí am do mhúinteoirí chun a gcleachtadh a cheapadh agus macnamh a dhéanamh air.

Tacaíocht agus measúnú

Taispeánann torthaí an tsuirbhé gurb í Seirbhís Tacaíochta an OSPS an t-aon tacaíocht atá ar fáil a mheastar a bheith tábhachtach i dtaca leis an monatóireacht den gcur i bhfeidhm de OCG.

Tábla 6 Cá mhéad spéise a léiríonn na grúpaí seo a leanas sa chur i bhfeidhm de OCG?

	Déantar iarracht a chinntiú go gcuirtear OCG i bhfeidhm	Cuirtear cuid spéise i gcur i bhfeidhm	Ní chuirtear spéis ar bith i gcur i bhfeidhm
Cigirí ROE	7.1	31.9	61.0
Bord bainisteoir-eachta	9.0	45.2	45.8
Tuismitheoirí (aonair)	3.1	58.5	38.4
Cumann na dTuismitheoirí	2.1	43.2	54.8
Seirbhís Tacaíochta OSPS	48.6	39.9	11.6

Bheadh an ceart ag duine an cheist a chur, an bhféadaí na leasa d'oiliúint OCG do mhúinteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann a réadú sa chás go gcreideann cuid mhór de phearsanra na scoile nach bhfuil ach séis bheag leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cad é a tharlaíonn le OCG 'ar an talamh'. Is feidhmeanna tábhachtacha den chigireacht iad iniúchadh agus measúnú, atá míshásúil de réir cosúlachta, i dtaca le OCG faoi láthair. Tharraing beirt fhreagróirí ag leibhéal an rialtais aird nach beag ar an tábhacht a bhaineann le cigireacht scoile ar OCG.

> *Tá easpa shoiléire againn maidir leis an dteachtaireacht do scoileanna faoi OCG má tá tacaíocht ad hoc agus inseirbhís ad hoc againn. Ach, maidir le sin, tá ról iontach tábhachtach ag cigireacht.*
>
> An Roinn Sláinte agus Leanaí

> *Ceist eile a cheapaim ar chóir amharc uirthi ná an chigireacht ar fad agus conas a dhéantar cigireacht ar OCG. Is féidir fáil amach ó chigireacht má tá scoileanna ag déanamh OCG nó nach bhfuil, agus ba chóir go mbeadh sí ina cuid lárnach den chóras cigireachta.*
>
> An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime

Tá sé suntasach nár tarraingíodh an topaic de mheasúnú sa scoil iomlán anuas ach uair amháin i rith na cuid mhór fócasghrúpaí agus agallamh a reachtálaíodh sna naoi scoil a roghnaíodh do chás-staidéar. Labhair múinteoirí cuid mhór faoi thuismitheoirí, scoláirí agus faoin bpobal á measúnú, ach b'annamh a rinne siad áirithe don fhoireann chigireachta sa chomhthéacs seo. Cuireann an easpa áirithe seo de mheasúnú ón bhfoireann chigireachta le défhiús is dóchúil, agus téann sé i bhfeidhm mar sin, ní amháin ar an gcaighdeán de sheachadadh OCG ach ar an stádas de OSPS/OCG i scoileanna go ginearálta fosta.

Dearcaidh na dTuismitheoirí

Nocht an plé sna fócasghrúpaí leibhéil éagsúla d'eolas i measc tuismitheoirí faoin gclár OCG, ó na daoine sin nach raibh eolas ar bith acu, go dtí daoine eile a bhí iontach eolach ar ábhair an chláir. Bhí a fhios ag na tuismitheoirí ar fad a cuireadh faoi agallamh go raibh OCG á theagasc agus tugadh cuireadh do chuid mhór acu teacht chuig an scoil agus páirt a ghlacadh in 'oíche faisnéise' ar OSPS agus OCG, de ghnáth nuair a bhí a bpáiste sa chéad bhliain. Shíl grúpa amháin de thuismitheoirí go raibh an fhaisnéis a fuair siad ag an gcruinniú a reáchtáil an scoil, lena n-áiríodh faisnéis ar na hábhair ar fad do lucht na chéad bliana, go raibh sí "iontach doiléir". Mhínigh grúpa eile gur chuir an scoil deireadh le hoícheanta faisnéise do thuismitheoirí. Mhothaigh na tuismitheoirí seo go raibh deiseanna de dhíth orthu le teacht ar fhaisnéis ar OCG: "Le fírinne, níl bealach eile le heolas a fháil ach ó oíche faisnéise." Dúirt tuismitheoirí i ndá scoil eile nár phléigh an scoil rudaí leo faoi OCG ar chor ar bith.

Bhí an chuma ar an scéal go ndeachaigh saol oibre agus saol pearsanta na dtuismitheoirí, chomh maith leis an aiféaltas nó an míchompord a d'fhéadfadh a bheith i gceist le OCG a phlé, go ndeachaigh seo i bhfeidhm ar a dtoilteanas nó gcumas soiléire a iarraidh ar cad é atá á mhúineadh ar chaidrimh agus ghnéasacht. Mhothaigh cuid mhór tuismitheoirí go raibh sé míshásúil ceist a chur ar a bpáistí cad é a bhí á mhúineadh dóibh. Is cúis amháin í de seo ná an t-aiféaltas a d'fhéadfadh a leithéid de cheisteanna a chruthú, agus/nó cionn is gur mhinic nár thug déagóirí – agus buachaillí ach go háirithe - nár thug siad mionfhaisnéis go toilteanach ar cad é go díreach a tharlaíonn ar scoil:

> *Bíonn drogall ar bhuachaillí rud ar bith a insint duit – caithfidh tú an fhaisnéis a tharraingt amach uathu, tá a fhios agat; ní minic a insíonn siad cuid mhór duit – faigheann tú píosaí faisnéise anseo is ansiúd.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 4

Mhothaigh cuid mhór tuismitheoiri gur ghá do scoileanna níos mó a dhéanamh le hiad a tharraingt isteach sa scéal agus le hiad a choinneáil ar an eolas faoi OCG. Os a choinne sin, lochtaigh tuismitheoirí i gcuid scoileanna rud a shíl siad a bheith ina leibhéal ard d'fhuarchúis faoi OCG/OSPS ó thuismitheoirí:

> *Bíonn cruinnithe ann, ach, arís eile, ní fheicfidh tú ach na daoine a thagann go dtí na cruinnithe i gcónaí. Na daoine cosúil linn a thairgeann na rudaí seo a dhéanamh.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 7

> *Tá an t-eolas ann, tá sé i ndubh agus bán, ach in amanna ní chaitheann tuismitheoirí am ar bith ag amharc air.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 8

Cé gur léir go bhfuil deacrachtaí ann maidir le conas a dhéantar plé idir scoileanna agus tuismitheoirí faoi OCG, ní thig an locht ar fad do na deacrachtaí seo a chur ar scoileanna amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh dúshláin mhóra os comhair scoileanna agus iad ag iarraidh tuismitheoirí a tharraingt isteach i gcúrsaí agus plé a dhéanamh leo. Thug tuismitheoir amháin an moladh seo a leanas mar dhóigh le cuid de na fadhbanna cumarsáide idir tuismitheoirí agus scoileanna a shárú:

> *Bheadh cuidiú ar bith a thiocfadh leat a fháil úsáideach, mar is ábhar é a chuireann aiféaltas ort nuair a phléann tú é le do pháiste. An rud atá i gceist agam ná cuidiú ar bith le conas dul i ngleic leis agus é a mhíniú do dhaoine óga. Sin mo bharúlsa cibé. Agus b'fhéidir dá bhfaighimis leabhrán beag nó leathanach ón scoil leis na topaicí ar fad atá siad chun plé taobh istigh den OSPS nó rud éigin mar sin. Sa dóigh sin, gheobhadh fiú amháin tuismitheoirí nach bhfreastalaíonn ar chruinnithe an fhaisnéis.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 2

Bhí na tuismitheoirí ar fad ar aon intinn lena chéile faoin tábhacht de OCG. Is féidir dearcadh na dtuismitheoirí ar an cheist seo a achoimriú mar a leanas:

- Tá eolas cruinn de dhíth ar dhaoine óga faoi ghnéas agus chaidrimh, agus gan OCG scoilbhunaithe tá baol ann go mbeidh siad ag brath ar chairde agus fhoinsí neamhiontaofa eile.
- Ní dhéantar plé oscailte ar chaidrimh agus ghnéasacht i dteaghlach gach páiste.
- Tá scileanna de dhíth ar dhaoine óga lena chur ar a gcumas roghanna a dhéanamh agus iad ar an eolas agus le go mbeidh siad ábalta déileáil le piarbhrú.
- Déileálann OCG le réimse cheisteanna a théann i bhfeidhm ar shaol dhaoine óga (m.sh. caithreachas, ceisteanna mothúnacha, caidrimh rómánsúla agus mar sin de).

In ainneoin na hadmhála oscailte seo faoin tábhacht le OCG áfach, d'admhaigh cuid tuismitheoirí gur minic a chuireann siad féin éacht acadúil roimh ábhair nach bhfuil scrúduithe ag baint leo, cosúil le:

> *Sílim go ndéanaimid dearmad ar rudaí ó thaobh OSPS de. Díríonn tú ar do pháiste a fháil isteach ann agus ar an staidéar a fháil déanta, tá a fhios agat, go n-éirí go maith leo in ábhair do na scrúduithe.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 3

I mbarúil na dtuismitheoirí, is é an baile an áit is fóirsteanaí le scoláirí a mhúineadh faoi chaidrimh agus gnéasacht ach d'admhaigh siad chomh maith nach bhfaigheann gach páiste oideachas gnéasachta sa bhaile. Mheas cuid mhór acu chomh mhaith, go raibh neart buntáistí ann le páistí ag foghlaim faoi chaidrimh agus ghnéasacht i gcomhluadar daoine a bhí comhaois leo faoin treorú de mhúinteoirí agus éascaitheoirí oilte. Faoi mar a tharla, dúirt tuismitheoir amháin gur dócha go mbeadh faoiseamh ar fhormhór na dtuismitheoirí, seachas imní, faoi ról na scoile i seachadadh OCG. Ar an iomlán, tacaíocht thar na bearta ann i measc tuismitheoirí d'oideachas gnéis scoilbhunaithe. D'éirigh cumas na scoile chun timpeallacht chomhbhách do scoláirí a chur chun cinn ina fhócas lárnach de chuid mhór freagraí ar cheisteanna faoin éifeacht airithe de mhúinteoireacht OCG. Ní dúirt ach tuismitheoirí i dtrí scoil áfach, go raibh siad fíor shásta leis an gclár mar atá sé á sheachadadh faoi láthair. Ba í an fhoinse mhíshástachta a luadh a ba mhinice ná an easpa de dhóthain plé a rinne an scoil leo faoi conas a tugadh faoi OCG.

Tuairimí agus taithí na scoláirí

Faoi mar a moladh i *Pathways Through the Junior Cycle* (Smyth, Dunne, McCoy agus Darmody 2006, lth. 2) tá sé tábhachtach ghuth an scoláire a fháil toisc go "gcuireann sé ar chumas an lucht déanta beartais tuilleadh brí a chur le saol na scoile do na scoláirí agus imríonn tionchar ar thuairimí i measc an fhoireann scoile i dtaobh forbairt scoile." Comhaontaigh na scoláirí d'aon ghuth go raibh OCG tábhachtach. Chun an dearbhú seo a threisiú luaigh na scoláirí na buntáistí seo thíos atá ag oideachas gnéasachta sa scoil:

- Tá gá le heolas cruinn faoi ghnéasacht agus faoi chaidrimh.
- Tá gá ag déagóirí le tuiscint a fháil ar na drochthorthaí a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí gnéis a dhéantar go haineolach a tharraingt.
- Na tairbhí atá ann má fhoghlaimítear OCS i dteannta a gcomhscoláirí.
- Go bhfuil lucht éisteachta faoi chuing ag scoileanna.

Ba mhinic a luaigh scoláirí cairde agus na meáin mar fhoinsí eolais faoi chúrsaí gnéis ach bhíodar thar a bheith criticiúil i dtaobh cruinneas na bhfoinsí eolais seo. Chomh maith leis sin bhí mórán díobh den tuairim gur minic a bhíonn srian ar na deiseanna chun saincheisteanna den sórt seo a phlé lena dtuismitheoirí agus go gcuirfeadh sé náire orthu é sin a dhéanamh ar aon nós. Ba dhóigh le mórán scoláirí gur 'ceantar neodrach' í an scoil ina bhféadann siad a lán rudaí a bhaineann le cúrsaí gnéis agus caidrimh a phlé.

Dúirt roinnt scoláirí gur rang é OCG/OSPS atá go maith chun do scíth a ligean. Cé gur úsáideadh an cur-síos seo le dímheas uaireanta is é a léirigh sé an chuid is mó den am ná go bhfuil an bhéim ar dioscúrsaí agus nach bhfuil oiread sin brú sna ranganna OCG agus OSPS. Mhaígh formhór na scoláirí go bhfuil meas acu ar OCG bíodh is go gceapann siad gur minic go nglacann na múinteoirí leis nach fíor sin. Dá bhrí sin ní hé go raibh na scoláirí beag beann ar ábhar ná ar luach an OCG nó gur dhein siad neamhshuim de fiú amháin bíodh is gur dhein siad cur-síos ar ranganna OSPS agus OCG mar ranganna atá go maith chun do scíth a ligean'.

[Agus an bhfuil meas ag na scoláirí air [ar OCG]?]

S1: *Tá.*

S2: *An chuid is mó acu.*

[Cé nach ábhar scrúdaithe é nó aon rud mar sin?]

S1: *Cuireann daoine níos mó suim ann mar níl an brú sin ort a bhaineann le staidéar a dhéanamh air.*

Scoláirí sa timthriall sóisearach, Scoil 8

Bhí fonn mór ar na scoláirí rudaí a fhoghlaim san OSPS agus san OCG agus chuireadar fáilte roimh thopaicí agus roimh ábhar a bhaineann lena saol agus lena gcuid taithí. Is fiú a thabhairt faoi ndeara, áfach, gur mhothaigh mórán acu nach dóigh lena dtuismitheoirí go bhfuil OCG (nó OSPS) an-tábhachtach agus go gcuireann siad sin an bhéim is treise go mór is go fada ar ghnóthachtáil acadúilo.

Is tábhachtaí le tuismitheoirí staidéar agus bíonn siad dírithe air….[ach] nuair a bhíonn an scoil críochnaithe agat scaoiltear amach sa saol mór thú agus níl aon eolas agat ansin, agus bíonn tú thíos.

Scoláire sa timthriall sinsearach, Scoil 5

Thuairiscigh na scoláirí a cuireadh faoi agallamh go mbíonn a lán éagsúlachtaí ag baint leis an taithí atá acu le hOCG, agus tháinig neamhréireacht maidir le seachadadh OCG chun solais mar ceann de na príomhábhar i gcaitheamh na ndíospóireachtaí grúpa. Dúirt cuid acu nár tugadh aon aird d' OCG laistigh d' OSPS; thuairiscigh cuid eile go bpléitear cúrsaí caidrimh ach nach ndéantar aon phlé cuimsitheach ar chúrsaí gnéis má dhéantar é a phlé in aon chor. Chun é a rá ar shlí eile, d'airigh na scoláirí go mór go bpléitear OCG *go roghnaíoch*. Ar an iomlán tháinig fianaise láidir chun solais ó thuairiscí na scoláirí i dtaobh seachadadh neamhréireach an OCG. Sa phlé seo a leanas idir scoláirí i Scoil 4, mar shampla, bhí na scoláirí ar aon aigne nach bhfuil aon taithí a fuaireadar i dteannta a chéile ar OCG lasmuigh de cheacht a mhair ar feadh lae sa chéad bhliain agus ar ar fhreastail na scoláirí go léir.

[Dealraíonn an scéal go bhfuil tuairimí éagsúla agaibh faoin méid a múineadh daoibh, go cinnte….?]

S1: *Táimid go léir i ranganna difriúla agus tá múinteoirí difriúla againn.*

S2: *Tá a lán difríochtaí idir an méid a múintear dúinn agus an méid atá sa leabhar….*

S1: *An t-aon ní atá againn i dteannta a chéile ná an t-aon lá sin amháin sa chéad bhliain.*

Scoláirí sa timthriall sinsearach, Scoil 4

Tháinig cuntais atá cosúil leis an gceann seo dár gcuid díospóireachtaí le scoláirí i roinnt scoileanna. De thoradh plé a bhí ábhairín cosúil leis seo agus a bhí ar siúl i Scoil 5 mhol scoláire amháin go gcaithfear OCG 'a chaighdeánú':

> *Ba chóir clár a bheith ann do gach múinteoir, caighdeán a bheadh le múineadh acu ar fad mar, faoi mar atá an scéal faoi láthair, ní chumhdaítear rudaí áirithe más dóigh leis na múinteoirí go bhfuil se ar eolas ag daoine, an dtuigeann tú. Agus bheadh ag cuid den rang agus bheadh breac-eolas ag cuid eile faoin rud atá á phlé. Agus bheidís ag gabháil ar aghaidh go maith tapaigh agus ní chumhdóidís é.*
>
> Scoláire sa timthriall sinsearach, Scoil 5

Is rud suntasach é gur maith is cuimhin le roinnt scoláirí an múineadh OCG a bhíodh acu sa bhunscoil. Is é a bhíodh ann ná aon lá amháin a chaití chun an t-ábhar a phlé, (i rang a cúig nó i rang a sé, de ghnáth). Thug scoláirí go raibh an lá sin acu le tuiscint go raibh siad "ró-óg" an uair sin chun rudaí faoi ghnéas a fhoghlaim. Is minic a lean na scoláirí ar aghaidh ón tuairim seo ag tabhairt cuntais ar iompar "éaganta" nó "neamhaibí" na scoláirí. Ach ba ghnách freagairt 'éaganta' a bheith ann i scoileanna ***dara*** leibhéil inar pléadh OCG ar chuma fánach agus/nó i scoileanna nach raibh aon éifeacht leis, chomh maith. De réir an toraidh seo tá gach dealramh ar an scéal go bhfuil tionchar diúltach ag an gcur-chuige 'aon lae amháin' d'OCG ar fhreagraí na scoláirí ar an ábhar.[8] Ní raibh droch-thaithí ag gach scoláire ar OCG sa bhunscoil, áfach.

> [Bhí sé (OCG) agaibh go léir sa bhunscoil?]
>
> S: *Bhí.*
>
> [An raibh dearcadh dearfa agaibh air an uair sin nuair a chuaigh sibh isteach san aois iar-bhunscoile nó an raibh aon tairbhe leis?]
>
> S: *Tá sé ann mar saghas buneolais gur féidir tógáil air ansin.*
>
> Scoláire san timthriall sinsearach, Scoil 5

I bhfianaise na sonraí seo is saincheist í taithí na scoláirí ar OCG sa bhunscoil agus an éifeacht atá aici siúd ar a n-oscailteacht d' OCG ag an dara leibhéal, gur fiú féachaint uirthi sna moltaí a thiocfaidh as an tuairisc seo.

Is minic a dúirt scoláirí go raibh siad míshásta de dheasca an easpa oscailteachta i dtaobh gnéis agus gnéasachta ina gcuid scoileanna, rud a chuireadar i leith éiteas Caitliceach nó reiligiúnach na scoile i mórán cásanna. Dhírigh cuid mhaith dá gcuid tráchta maidir le caighdeán an OCG ar iompar na múinteoirí a bhí acu. Bhíodar "ró-chúng", bhí "náire orthu" nó "ní raibh sé ar a gcumas an rang a láimhseáil" i dtuairim mórán scoláirí. Ó thaobh an scoláire de, is iad na cáilíochtaí is tábhachtaí ba cheart a bheith ag an múinteoir chun OCG maith a chur ar fáil ná a bheith ar a s(h)ocracht le hábhar na gnéasachta, oscailteacht agus cumas chun muinín na scoláirí ann nó inti a spreagadh. Bhí tuairim láidir ag cuid mhaith de na scoláirí chomh maith, nach raibh gach múinteoir atá acu oiriúnach chun OSPS ná OCG a mhúineadh:

> *Is dóigh liom nach maith le cuid de na múinteoirí é a mhúineadh pé ní é. Is iad siúd a chuireann a n-ainmneacha síos na daoine is fearr chuige is dócha, toisc go mothaíonn siad compordach faoina mhúineadh, de réir gach dealraimh.*
>
> Scoláire san timthriall sinsearach, Scoil 8

8 Is cuí a rá go bhfuil an clár náisiúnta OCG don bhunscoil carnach, mothálach agus iomlánaíoch. Is cinnte dearfa nach moltar sa chlár cur-chuige fánach 'aon lae amháin' a úsáid chun an t-ábhar a phlé.

Theastaigh ó na scoláirí mothú go raibh múinteoirí OCG in ann rúndacht a chothabháil agus go raibh dóthain oscailteachta acu chun cead a thabhairt do na scoláirí nithe pearsanta agus/nó ábhair nó réimsí taithí dheacra a phlé. Tugann cuid mór dár sonraí le tuiscint go measann daoine óga nach bhfuil oiliúint nó ullmhú iomchuí ar roinnt múinteoirí mar oideoirí um chaidrimh agus ghnéasacht. Déanta na fírinne, bhí na scoláirí inniúil chun eagla an mhúinteora a aireachtáil, rud a chuireann bac ar fhoghlaim ar a sheal:

> [Conas mar a mhothaigh tú faoin chéad rang (OCG) a bhí agat?]
>
> *Ní raibh an múinteoir [sos].....níor bhraith sí, 'bhfuil a fhios agat cad atá i gceist agam, compordach mar bhí an rang an-mhór agus ansin, mar bhí an rang mór aici bhí sí go maith míchompordach.*
>
> Scoláirí sa timthriall sinsearach, Scoil 6
>
> *Tá cion téagartha den leabhar faoi oideachas gnéis ach fágann na múinteoirí ar lár é.*
>
> Scoláire sa timthriall sóisearach, Scoil 4

Ar an iomlán, is é an rud ar mhaith le scoláirí a fháil ón múinteoir OCG, de réir dealraimh, ná timpeallacht shábháilte ina bhféadann siad foghlaim, plé a dhéanamh agus na fadhbanna agus ceisteanna éagsúla a iniúchadh a bhaineann le gnéasacht agus le caidrimh.

Ábhar OCG: tuairimí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí

Dúirt 66% de na daoine a thug freagra ar shuirbhé an staidéir go bhfuil níos mó gá le hOCG sa lá atá inniu ann ná mar a bhí évig bliain ó shin. D'aontaigh mórán de lucht rannpháirtíochta an staidéir cháis go gcaithfear plé níos follasaí a dhéanamh sa chlár OCG ar ghnéas sábháilte, ar fhrithghiniúint agus úsáid choiscíní, ar ionfhabhtaithe a tarchuirtear trí ghnéas agus ar chlaonadh gnéis, go gcaithfear é sin a dhéanamh sa timthriall sóisearach, faoin tríú bliain go cinnte. Bhí mórán den bhonn cirt atá leis an tuairim seo bunaithe ar an tuiscint gur dócha go bhfuil cuid nach beag de dhaoine óga gníomhach ó thaobh gnéis de nuair a bhíonn siad i lár na ndéaga de bhlianta.

> *Táid go maith ullamh chuige sa tríú bliain; is é atá i gceist agam ná gur dóigh liom nár theastaigh ón Roinn Oideachais tús eolais ar na saincheisteanna seo a thabhairt do scoláirí a bhí ró óg. Ach measaim go bhfuil athrú tar éis teacht ar an sochaí agus tá athrú tar éis teacht ar a gcuid taithí. Tá an-chuid taithí ag scoláirí faoin tríú bliain.*
>
> Múinteoir

I mórán scoileanna chuir scoláirí treise ar a thábhacht agus atá sé do dhaoine óga rudaí fhoghlaim sa timthriall sóisearach faoi fhrithghiniúint agus ghnéas sábháilte, faoi úsáid choiscíní, faoi ghalair a tarchuirtear trí ghnéas agus faoi chlaonadh gnéis. Tugann an leibhéal seo ar a bhfuil siad ar aon aigne le tuiscint go bhfuil gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar churaclam OCG an timthrialla shóisearaigh agus go gcaithfear féachaint ar na hábhair seo a thabhairt isteach sa churaclam go foirmiúil. Cé gur chuir líon beag tuismitheoirí in iúl go raibh imní orthu go bhfuil baol an go léirmhíneodh scoláirí an t-eolas faoi úsáid choiscíní mar thoiliú go bhféadfaidís gnéas a bheith acu, d'aontaigh a bhformhór go gcaithfear tabhairt faoi ábhair na frithghiniúna agus úsáid choiscíní le scoláirí an timthrialla shóisearaigh:

> *Ní dóigh liom gur cheart na ceisteanna seo a sheachaint. Tá siad amuigh ansin; tá siad amuigh sa saol. Agus measaim go deimhin gur cheart iad a phlé, agus ina dhiaidh sin, i gcomhthéacs an bhaile, is féidir le duine caint faoi na tuairimí, faoina chuid tuairimí pearsanta féin i dtaobh na gceisteanna sin go léir.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 7

Is suimiúil an rud é gur chuir roinnt scoláirí dúshlán faoin tuairim sin go spreagfaí gníomhaíocht gnéis trí eolas a chur ar fáil. Ba dhóigh leis an gcuid is mó díobh go caithfear roinnt ábhar lena n-áirítear úsáid choiscíní, a phlé in OCG ag aois níos óige:

> *Níl ann ach eolas. Ní hionann sin agus go n-imeoidh gach aoinne leis chun tabhairt faoi [is é sin, faoi ghnéas a bheith acu].*
>
> Scoláire sa timthriall sinsearach, Scoil 8

> S1: *Níl mórán eolais ag daoine, áfach, maidir leis an saghas cosanta nó réamhchúraim.*
>
> [Conas nach n-éiríonn duine torrach?]
>
> S1: *Sea, stuif mar seo, sea, mar deir siad [daoine fásta] de ghnáth "Tabhair aire duit féin agus ná bíodh gnéas agat" agus stuif den sórt sin, ach ní thugann siad [aon t-eolas] duit mar gheall ar cad a d'fhéadfadh éirí duit.*
>
> S2: *Tú féin a chosaint.*
>
> S1: *Níor cheart dóibh é sin a insint dóibh, mar beidh siad ag imeacht leo pé scéal é agus déanfaidh siad é. Ba cheart a rá leo cad ar chóir dóibh a dhéanamh i dtreo nach n-éireoidís torrach is nach dtolgfaidís galair.*
>
> Scoláirí sa timthriall sóisearach, Scoil 4

Mhínigh roinnt múinteoirí mar fhreagra ar na nithe atá ag teastáil óna gcuid scoláirí go bhfuil ábhair agus ceisteanna á gcumhdach acu nach bhfuil luaite go soiléir mar chuid de churaclam an timthrialla shóisearaigh:

> *Tá homaighnéasacht ar na ceisteanna go ndírím orthu anois sa dara bhliain toisc, 'bhfuil a fhios agat, is é a chloisim an t-am ar fad ná "Tá sé aerach" agus an stuif sin go léir. Agus is féidir le duine féachaint ar roinnt stócaigh, go deimhin, agus a cheapadh "Sea, cinnte, tá siad aerach nó beidh siad aerach", nó pé rud. Agus is é an masla is mó a fhéadfadh duine a thabhairt do dhuine eile sa scoil ná a rá go bhfuil sé aerach. Dá bhrí sin tarraingím anuas ceist na homaighnéasachta i gcónaí.*
>
> Comhordaitheoir OSPS

Fad is a bhí roinnt múinteoirí sásta le hábhar an OCG sa timthriall sóisearach faoi mar atá sé i láthair na huaire, bhí formhór díobh den tuairim láidir go gcaithfear freastal ar riachtanais na scoláirí agus nach dócha go bhféadfaí an cuspóir seo a bhaint amach le curaclam an OCG atá ann faoi láthair. Bhí leas-phríomhoide amháin den tuairim láidir go gcaithfidh OCG freagairt ar thaithí daoine óga ar chuma réadúil agus go gcaithfidh teacht a bheith ag scoláirí ar eolas a chabhróidh leo a bheith ar an eolas faoi na rudaí a roghnaíonn siad:

> *Measaim go gcaithfear eolas a thabhairt do scoláirí faoi na roghanna atá ar fáil. Níl aon chiall le dul i bhfolach agus a rá nach bhfuil aon ghnéas ar siúl acu. Tá. Bhí roinnt toirchis déagóra againn. Dá bhrí sin, má bhíonn an t-eolas ceart ag an dream óg is féidir leo roghanna a dhéanamh atá bunaithe ar eolas, ar aon nós.*
>
> Leas-Phríomhoide

Bhí tuismitheoirí den tuairim láidir nach mór an clár OCG a thabhairt isteach ar slí mhothálach, agus cur leis an ábhar de réir a chéile. Ba dhóigh leo, chomh maith, nach maith an rud é cur-chuige fánach 'aon lae amháin' do mhúineadh OCG. Dúirt roinnt scoláirí chomh maith, gur cheart ábhar OCG a chur i láthair de réir a chéile agus gur cheart dul siar air go rialta. In iliomad cásanna leag scoláirí agus tuismitheoirí araon tuilleadh béime ar an *gcur-chuige d'OCG* ná mar a leag siad ar uainiúchán OCG *per se*. De réir mar a dúirt scoláire amháin ba cheart go dtabharfaí faoi OCG "nuair a bhaineann sé linn". Mheas tromlach mór na dtuismitheoirí go gcaithfear frithghiniúint, gnéas sábháilte agus homaighnéasacht a phlé sa timthriall sóisearach. Thar gach aon ní dúirt na tuismitheoirí go soiléir go gcaithfidh na scoileanna díriú ar na fíorcheisteanna atá roimh na daoine óga, agus gan iad a sheachaint, ar shlí go mbeidh ar a gcumas na cinntí is dócha a bheidh le déanamh acu, a láimhseáil le heolas, le socracht agus le muinín. Dá réir sin chuir tuismitheoir amháin béim ar dhearadh oscailte báúil agus é/í ag trácht ar mhúineadh faoi chúrsaí homaighnéasachta.

> *Má bhíonn deis acu [ag na scoláirí] é a phlé….má bhíonn siad i seomra ranga i dteannta múinteora a thaitníonn leo, duine a fhéadann iad a spreagadh chun a gcuid tuairimí a nochtadh chun do bhféadfar iad a phlé i bhfóram oscailte. Mar shampla, labhraítear faoi chaidrimh homaighnéasacha – tá a fhios agam go dtuigeann an leanbh is óige agam go bhfuil a leithéid ann. Ní chuireann sé isteach ná amach uirthi. Is fearr rudaí a phlé ná iad a cheilt sa tslí nach gcloiseann agus nach bhfeiceann siad cad atá ar siúl.*
>
> Tuismitheoir, Scoil 6

Cé go raibh líon beag tuismitheoirí nach raibh ró-shásta lán-tacaíocht a thabhairt do phlé oscailte ar homaighnéasacht sa timthriall sóisearach mheas a bhformhór nach ceart in aon chor ar bith ábhar an chlaonta ghnéasaigh a fhágáil ar lár. Mheas siad chomh maith go mb'fhéidir go bhféadfaí díobháil a dhéanamh do scoláirí mura bpléifí é. Ní mór aird a dhíriú ar an débhríocht a bhaineann le hábhar na homaighnéasachta i láthair na huaire: tá an dealramh ann go bhfuil 'na bearnaí atá ann á líonadh' ag cuid múinteoirí ach tá cuid eile nach bhfuil cinnte cad é an tslí is fearr chun tabhairt faoin ábhar. De réir na dtorthaí atá ar ár gcuid cainteanna le múinteoirí tá gach dealramh ann go bhfuil gá le treoir níos soiléire níos follasaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaobh an scéil seo.

Faoi dheireadh thiar thall, caithfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ráiteas beartais atá tugtha suas chun dáta a thabhairt do na scoileanna faoi na nithe is ceadmhach do mhúinteoirí a phlé le scoláirí sa timthriall sóisearach. Tugann an cuntas seo a leanas le príomhoide scoile achoimre áisiúil faoin neamhchinnteacht a tháinig de thoradh an chur-chuige atá ann faoi láthair d'ábhar an OCG:

> *Má bhíonn imní ar phríomhoide gach aon uair a bheartaíonn sé/sí ar thriail a bhaint as rud nua agus má bhíonn buairt air/uirthi nach dtabharfadh an Roinn tacaíocht dó/di, cuireann sé sin leis na deacrachtaí. Agus níl a fhios agam-sa an mó príomhoidí agus an mó múinteoirí OCG a bheadh sásta na céimeanna seo a thógáil [.i. ábhar níos forchéimnithí a mhúineadh].*
>
> Príomhoide

Moltaí

Tar éis na torthaí taighde a mheas go cúramach déantar na moltaí seo a leanas i gcomhair cur chun cinn OCG san am atá romhainn. Tá cuid de na moltaí seo dírithe ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE); baineann cuid eile leis an tSeirbhís Tacaíochta um OSPS agus tá roinnt acu dírithe go sonrach ar scoileanna. Baineann cuid de na moltaí atá anseo thíos le breis is aon pháirtí leasmhar ábhartha amháin.

OCG á chur i ngníomh

- Ní foláir don ROE dearbhú do scoileanna go bhfuil sé riachtanach a áirithiú go gcuirtear OCG i ngníomh ina iomláine i gcomhthéacs an OSPS ag leibhéil an timthrialla shóisearaigh agus an timthrialla shinsearaigh.

- Tá géarghá le OSPS a thabhairt isteach ag leibhéal an timthrialla shinsearaigh chun OCG a chur i ngníomh ina iomláine.

- I dtreo is go dtuga an ROE faoi dheacrachtaí atá ann de réir dealraimh, maidir le tráthchlár agus seachadadh OCG laistigh d' OSPS, ba chóir di treoir a chur amach chuig scoilean na faoin méid atá i gceist le clár OCG leathan cothrom do scoláirí an timthrialla shóiseara igh agus an timthrialla shinsearaigh.

- Ba chóir iarrachtaí nua chun OCG a chur i ngníomh go hiomlán ag leibhéal iar-bhunscoile a chomhordú agus aird chuí a thabhairt ag an am céanna ar leibhéil an mhúineadh OCG atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar na constaicí atá sa tslí ar sheachadadh OCG sna scoileanna dara leibhéil (mar a taispeántar sa tuairisc seo). Ní foláir go gcuirtear cur i ng níomh agus éifeacht OCG ag leibhéal bunscoile san áireamh, leis, agus na hiarrachtaí seo á ndéanamh. Níl aon taighde déanta ar sheachadadh OCG i mbunscoileanna, áfach. Caithfidh an ROE dul i ngleic leis an mbearna atá sa taighde ar OCG faoi láthair.

Forbairt bheartais um OCG i scoileanna iar-bhunoideachais

- Ní foláir go n-athdhearbhaítear do scoileanna in atheisiúint treoirlínte agus ábhair le haghaidh OCG ón ROE do scoileanna, go bhfuil sé fíor thábhachtach ráiteas beartais i scríbhinn a bheith acu maidir le hOCG, atá curtha le chéile i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le scoláirí. (féach ar na moltaí níos sia anonn).

- Caithfidh an ROE na tairbhí a athdhearbhú do scoileanna, atá ag gabháil leis an *bpróiseas* forbartha bheartais le haghaidh cur i ngníomh agus seachadadh OCG (ó thaobh soiléire a thabhairt agus úinéireacht agus tiomantas atá á roinnt a chur chun cinn).

- Caithfidh scoileanna cinntiú go n-úsáidtear a gcuid beartas OCG agus OSPS mar bhonn le haghaidh an dá rud: pleanáil agus seachadadh bliantúil agus pleanáil agus seachadadh fad-théarmach OCG/OSPS.

- Caithfidh scoileanna a gcuid beartais OCG a athbhreithniú go córasach gach bliain agus ba chóir go mbeadh baint ag gach páirtí leasmhar sa chlár OCG leis an bpróiseas.

- Caithfidh scoileanna a bheith ar an eolas faoin bhaint atá ag forbairt bheartais OCG leis na dualgais atá ar na húdaráis bainistíochta agus ar ceannairí na scoile maidir le bheith ag freastal ar riachtanais na scoláirí de réir mar atá sonraithe san Acht Oideachais (1998).

- Caithfidh an beartas scoile cur - síos soiléir a dhéanamh ar an mbaint atá ag éiteas na scoile le hábhar agus le seachadadh an chláir OCG

Múineadh, foghlaim agus ábhar OCG

- Caithfidh an ROE na treoirlínte le haghaidh OCG a áth eisiúint chun treorú nua a sholáthar do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le seachadadh OCG. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

  - Ráiteas soiléir faoin tábhacht a bhaineann le forbairt bheartais agus faoi na dualgais atá ar údaráis bainistíochta agus ar cheannairí scoile maidir le freastal ar riachtanais chomhlacht na scoláirí de réir mar atá sonraithe san Acht Oideachais (1998).

  - Athdhearbhú gurb iad modhanna múinte le haghaidh foghlama ó thaithí na modhanna múinte is oiriúnaí le haghaidh múineadh OCG.

  - Comhairle maidir le hiontaoibh, rúndacht agus saincheisteanna um chosaint leanaí i gcomhthéacs múineadh OCG.

- Caithfidh an ROE athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar an mhodúil OCG faoi mar atá sé mar chuid de churaclam OSPS an timthrialla shóisearaigh. Agus an obair seo á déanamh ag an Roinn tabharfaidh sí aird do reachtaíocht chomhionannais, ar riachtanais daoine óga atá de réir a n-aoise, agus ar dhearcaidh mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí a tugtar sa tuairisc seo.

- Caithfidh an ROE ráiteas glan soiléir faoi ábhar OCG a thabhairt chun leasa na scoileanna dara leibhéil go léir.

- Caithfidh ábhar ar bith le haghaidh OCG a eiseofar san am le teacht tuilleadh béime a chur ar fheidhm an mheasúnaithe mhúnlaithigh (is é sin, measúnú ar fhoghlaim) i múineadh agus i bhfoghlaim OCG/OSPS.

Stiúrthóirí Scoile

- Caithfidh an ROE agus na Seirbhísí Tacaíochta díriú ar an ról tábhachtach atá ag stiúrthóirí scoile maidir le hOCG a chur i ngníomh agus a sheachadadh, agus é sin a chur in iúl do scoileanna. Tá gá faoi leith le meas a spreagadh i measc príomhoidí ar an tábhacht atá ag OCG/OSPS maidir le forbairt daoine óga, agus le scileanna a chur chun cinn i measc stiúrthóirí scoile, atá ina gcabhair chun OCG a chur i ngníomh agus a sheachadadh go héifeachtúil.

- Caithfidh cúrsaí in-seirbhíse do phríomhoidí béim a chur ar:
  - Ról tábhachtach an phríomhoide agus an chomhordaitheoir OSPS maidir le cur i ngníomh OCG
  - An tábhacht atá ag baint le hardú íomhá/stádais OSPS/OCG ar fuaid na scoile, agus ina theannta sin, treoir a thabhairt chun an stádas seo a bhunú agus a chothabháil
  - An tábhacht atá le timpeallacht scoile uile a thacaíonn le hOCG
  - An tsuntasacht atá ag baint le leagan amach an tráthchláir agus le saoire do mhúinteoirí chun dul faoi oiliúint OCG
  - An tábhacht a bhaineann le gabháil do phróiseas comhairliúcháin le múinteoirí nuair tugtar obair mhúinte OCG/OSPS dóibh
  - An tábhacht atá le foireann OCG/OSPS a chur le chéile sa scoil
  - An deá-thionchar a bheadh ag forbairt bheartais le haghaidh OCG agus ag athbhreithniú an bheartais.

Oiliúint do mhúinteoirí OCG agus seirbhísí tacaíochta

- Ba cheart go leanfadh an chomhpháirtíocht atá ann faoi láthair idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Leanaí agus Sláinte ar aghaidh. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht seo, áfach, chun a áirithiú go mbeidh tuilleadh soiléire ann i dtaobh feidhmeanna agus dualgas.

- Caithfidh na seirbhísí tacaíochta cothroime a chur ar fáil idir oiliúint in-seirbhíse lasmuigh den scoil agus tacaíocht in-scoile chun a áirithiú go gcuirtear OCG/OSPS i ngníomh ag leibhéal na scoile aonair.

- Tá gá le creidiúnú agus aitheantas foirmiúil a thabhairt do mhúinteoirí mar mhúinteoirí OSPS. Ní mór don ROE slite a aimsiú agus a chur i bhfeidhm chun múinteoirí a chrei diúnú mar mhúinteoirí OSPS.

- Caithfidh an ROE féachaint ar na tairbhí a fhéadfadh gabháil le hoiliúint gach mhúinteora iar bhunscoile in OSPS/OCG i geaitheamh a gcuid cúrsaí réamh-sheirbhíse.

- Tá gá le tuilleadh oiliúna in-seirbhíse do mhúinteoirí agus caithfear béim faoi leith a chur ar rannpháirtíocht príomhoidí san oiliúint sin. Ba cheart cúrsaí oiliúna in OCG do mhúinteoirí a leathnú chun go gcuirfidís na nithe seo a leanas san áireamh:
  - Níos mó laethanta le haghaidh oiliúna in-seirbhíse, oiliúint in-seirbhíse níos forleithne le haghaidh OCG.
  - Níos mó soláthar/soláthar níos forleithne in-seirbhís scoile uile d'OSPS/OCG.

- Ba chóir cuimhneamh ar an suíomh idirlín OSPS a mhéadú chun fóram a chur leis a thab harfadh deis do mhúinteoirí an t-ábhar a phlé, chomh maith le meicníocht chun smaointe faoi deá-chleachtas in OCG a chomh roinnt.

Tacaíocht don mhúinteoir agus tacaíocht in-scoile maidir le hOCG

- Caithfidh an ROE agus na húdaráis bainistíochta scoile féachaint ar na nithe seo a leanas maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí OCG agus maidir leis na constaicí a shárú atá sa tslí ar chur i ngníomh an chláir:
  - Líon scoláirí sna ranganna a laghdú chun éascaíocht a dhéanamh do mhodheolaíochtaí múinte le haghaidh foghlama ó thaithí.
  - Am saor a thabhairt do mhúinteoirí chun freastal ar oiliúint le haghaidh OCG, chun acmhainní a chur le chéile agus pleanáil a dhéanamh d'OCG.

- Caithfidh údaráis bainistíochta scoile agus stiúrthóirí scoile féachaint ar na nithe seo a leanas maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí OCG ina gcuid scoileanna:
  - Meicníochtaí agus cur-chuige a chuireann tacaíocht scoile uile do mhúinteoirí OCG/OSPS chun cinn.
  - Caithfear tuilleadh oiliúna in-seirbhíse do mhúinteoirí a chomhordú taobh le geallúint ó na scoileanna go gcinnteoidh siad go rachfar i gcomhairle le múinteoirí mar is cuí roimh dul i mbun múineadh OCG/OSPS dóibh.

- Tá gá le hacmhainní múinte breise (mar shampla ábhair chlosamhairc) atá oiriúnach do riachtanais daoine óga na haoise seo chun cabhrú le múinteoirí OCG a sheachadadh.

Áisitheoirí ón taobh amuigh

- I scoileanna a fhostaíonn gníomhaireachtaí ó lasmuigh den scoil chun OCG a sholáthar ba chóir tuilleadh aire a thabhairt chun a chinntiú go mbeidh a gcuid oibre ar aon dul le beartas na scoile. Caithfidh scoileanna deimhin a dhéanamh de, chomh maith, go gcomhlánóidh obair na n-áisitheoirí ón taobh amuigh obair na múinteoirí OCG seachas dul ina hionad.

- Ba chóir scoileanna a spreagadh chun comhairle a lorg ón tSeirbhís Tacaíocht OSPS agus ón gcomhordaitheoir OCG maidir leis na tairbhí a mheas a bheadh ag gabháil le háisitheoir ón taobh amuigh a fhostú chun OCG a mhúineadh sa scoil.

- Tá gá le tuilleadh taighde faoin bhfeidhm atá ag gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil i dtaobh seachadadh OCG sa scoil. Caithfidh an taighde seo díriú ar an easpa comhordaithe/caighdeánaithe atá sa réimse seo de réir dealraimh, agus a chur san áireamh cé atá i mbun na hoibre seo agus cá mhinice a dhéanann sé/sí é. Ní mór féachaint, leis, ar ábhar na hoibre múinteoireachta atá á soláthar ag gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil (agus cá gcuirtear an bhéim ann).

Measúnú agus Cigireacht

- Caithfidh an ROE ról gníomhach a ghlacadh chuici féin maidir le cur i ngníomh OCG a mheasúnú agus tacú léi i gcomhthéacs na Meastóireachta Scoile uile agus maidir le hobair chigireachta eile.

- Is fadhb í go bhfuil foirne scoile den tuairim nach nglacann an ROE mórán suime i measúnú agus i gcigireacht ar OCG ag leibhéal na scoile. Ní mór don Roinn tabhairt faoin gceist seo.

- Caithfear measúnú leanúnach a dhéanamh ar OCG/OSPS ag leibhéal na scoile agus ba chóir go gcuirfí dearcaidh na bpríomhoidí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na scoláirí san áireamh san obair seo.

- Caithfidh an ROE breithniú a dhéanamh i dtaobh taighde mheastóireachta a dhéanamh ar *éifeachtúileacht* OCG i scoileanna na hÉireann.

Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus scoláirí

- Caithfear eolas soiléir a thabhairt do thuismitheoirí faoi bheartas na scoile maidir le hOCG agus faoi ábhar an chláir OCG.

- Ní foláir tuairimí agus taithí na scoláirí a chur san áireamh ar chuma eagraithe le linn beartas OCG a bheith á fhorbairt agus á athbhreithniú agus comhsheasmhacht múineadh OCG a bheith á chothabháil ag an leibhéal scoile.

Ceisteanna Inscne

- Caithfidh an ROE agus na Seirbhísí Tacaíochta iarracht faoi leith a dhéanamh chun cinntiú go gcuirfear OCG i ngníomh go hiomlán a scoileanna a fhónann do bhuachaillí go formhór.

- Caithfidh scoileanna a áirithiú go bhfuil cothromaíocht inscne sa bhfoireann mhúinteoirí a mhúineann OCG/OSPS.

Riachtanais atá sainiúil don scoláire nó riachtanais speisialta

- Tá gá speisialta le clár OCG a chur le chéile a fhreastalaíonn ar ghrúpaí áirinthe páistí agus daoine óga ar a n'áirítear ógra den mhionlach gnéasach, daoine a fhágann an scoil go luath agus scoláirí ar a bhfuil míchumais foghlama.

- Tá gá le hacmhainní agus le hábhair mhúinte oiriúnacha le haghaidh OCG a fhorbairt chun freastal a dhéanamh ar scoláirí ag a bhfuil sainriachtanais. Caithfidh na hacmhainní riachtanais grúpaí difriúla a thabhairt chun soiléire ar an n'-áirítear páistí ó chúlraí éagsúla (ar nós cúlra eitneach, teanga agus/nó reiligiúnach).

Tagairtí

Alldred, P., David, M.E., & Smith, P. (2003) Teachers' views of teaching sex education: pedagogy and models of delivery. *Journal of Educational Enquiry*, 4 (1): 80-96.

Bonner, C. (1996) A Report on the *Sexual Practices of 16-18 Year Olds in the Midland Health Board.* Department of Public Health, Midland Health Board.

Burtenshaw, R. (2003) *Report from the Review of Social, Personal and Health Education at Junior Cycle by the SPHE Support Service Post-Primary.* http://www.sphe.ie/review2.pdf

Coleman, L.M. & Ingham, R. (1999) Exploring young people's difficulties in talking about contraception: how can we encourage more discussion between partners? *Health Education Research*, 14, 6, 741-750.

An Roinn Oideachais (1995a) *Report of the Expert Advisory Group on Relationships and Sexuality Education*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1995b) Relationships and Sexuality Education. Imlitir 2/95 chuig Boird Bainistíochta agus chuig príomhoidí scoileanna Náisiúnta. Baile Átha Luain: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (1997) *Relationships and Sexuality Education*: Policy Guidelines. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998a) Resource Materials for *Relationships and Sexuality Education*, Post-Primary: Junior Cycle. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998b) *Resource Materials for Relationships and Sexuality Education, Post-Primary: Senior Cycle*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2000a) *Junior Cycle, Social, Personal and Health Education*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2000b) *Imlitir* M22/00. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Dunne, M., Seery, D., O'Mahoney, E. & Grogan, M. (1997) *What On Earth are they Doing?* Corcaigh: Comhghuaillíocht SEIF Chorcaí.

Flyvbjerg, B. (2004) Five misunderstandings about case-study research. In C. Seale, G. Gobo, J.F. Gubrium & D. Silverman (eds.) *Qualitative Research Practice*. London and Thousand Oaks, CA: Sage. lgh. 420-434.

Geary, agus Mannix McNamara (2003) *Implementation of Social, Personal and Health Education at Junior Cycle*. Ollscoil Luimnigh. Tuairisc arna coimisiúnú ag an tSeirbhís Tacaíochta um OSPS.

Hyde, A. & Howlett, E. (2004) *Understanding Teenage Sexuality in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Inglis, T. (1998a) *Lessons in Irish Sexuality*. Baile Átha Cliath: Cló Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Inglis, T. (1998b) Moral Monopoly: *The Rise and Fall of the Catholic Church in Modern Ireland*. Baile Átha Cliath: Cló Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Irish Family Planning Association (1997) *A Young Peoples' Health Service for Dublin: Research, Recommendations and Proposals*. Baile Átha Cliath: Irish Family Planning Association.

Kiely, E. (2005) Where is the discourse of desire? Deconstructing the Irish Relationships and Sexuality Education (RSE) resource materials. *Irish Educational Studies*, 24, 2-3, 253-266.

Looney, A. and Morgan, M. (2001) A Gendered Curriculum? An investigation of Some Aspects of Curriculum Provision in Post Primary Schools. *Irish Educational Studies*, 20, Spring, Baile Átha Cliath: Cumann Léann Oideachais na hÉireann.

Lowden, K. & Powney, J. (1996) *An Evolving Sexual Health Education Programme: From Health Workers to Teachers*. Glaschú: The Scottish Council for Research in Education.

MacHale, E. & Newell, J. (1997) Sexual behaviour and sex education in Irish school-going teenagers. *International Journal of STD & AIDS*, 8, 196-200.

Mahon, E., Conlon, C. & Dillon, L. (1998) *Women & Crisis Pregnancy*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mayock, P. & Byrne, T. (2004) *A Study of Sexual Health Issues, Attitudes and Behaviours: The Views of Early School Leavers*. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Mayock, P., Kitching, K. agus Morgan, M. (2007) *RSE in the Context of SPHE: An Assessment of the Challenges to Full Implementation of the Programme in Post-Primary Schools*, Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Measor, L., Tiffin, C. & Miller, K. (2000) *Young People's Views on Sex Education: Education, Attitudes and Behaviour*. Londain: Routledge Falmer.

Millar, D. (2003) *Preliminary Review of the SPHE Needs Analysis Survey* (2000-2001). http://www.sphe.ie/review4.pdf

Morgan, M. (2000) *Relationships and Sexuality Education: An Evaluation and Review of Implementation*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Murphy-Lawless, J., Oaks, L. & Brady, C. (2004) *Understanding How Sexually Active Women Think About Fertility, Sex and Motherhood*. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1997a) *Relationship and Sexuality Education: Interim Curriculum and Guidelines for Primary Schools*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1997b) *Relationship and Sexuality Education: Interim Curriculum and Guidelines for Post-primary Schools*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2001) *Social, Personal and Health Education: Junior Certificate Guidelines for Teachers*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005) *Social, Personal and Health Education: Draft Curriculum Framework for Consultation*. Ar fáil ó láithreán gréasáin an CNCM, www.ncca.ie. Chuathas isteach ar an 02/05/2006 den uair dheireanach.

Norman, J., Galvin, M. and McNamara, G. (2006) Straight Talk : *Researching gay & lesbian issues in the school curriculum*. Baile Átha Cliath: Centre for Educational Evaluation, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt (2004) A Little Bit of Respect: *Sexual Health: A Consultation with Young People, Parents and Professionals in the North West*.

Rolston, B., Schubotz, D., & Simpson, A. (2005) Sex education in Northern Ireland schools: a critical evaluation. *Sex Education*, 5, 3, 217-234.

Rundle, K., Leigh, C., McGee, H. & Layte, R. (2004) *Irish Contraception and Crisis Pregnancy (ICCP) Study: A Survey of the General Population*. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Sheerin, E. (1998) *Life As It Is: Values, Attitudes and Norms from the Perspective of Midland's Youth*. Midland Health Board.

Smyth, E., Dunne, A., McCoy, S. agus Darmody, M. (2006) Pathways Through the Junior Cycle: *The Experiences of Second Year Students*. Baile Átha Cliath: Cló na Life i gcomhar leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta.

Seirbhís Tacaíochta OCG (gan dáta) *The SPHE Story: An Example of Incremental Change in the School Setting*. Baile Átha Cliath: Seirbhís Tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Iar-Bhunoideachas.

Láithreán Gréasáin na Seirbhíse Tacaíochta um OSPS; http//:www.sphe.ie.

Spillane, J. (1998) State Policy and the Non Monolithic Nature of the Local School District: Organisational and Professional Considerations. *American Educational Journal*, 35, 1, 33-63.

Spillane, J. Reiser, J. agus Reimar, T. (2002) Policy Implementation and Cognition: Reframing and Refocusing Implementation Research. *Review of Educational Research*, 72, 3, 387-431.

UNAIDS (1997) *Impact of HIV and Sexual Health Education on the Sexual Behaviour of Young People*. Comhchlár na Náisiún Aontaithe um VEID/SEIF.

Wight, D. & Scott, S. (1994) *Mandates and Constraints on Sex Education in the East of Scotland*. Glaschú: MRC Social & Public Health Sciences Unit.

Young, I. (2004) Exploring the role of schools in sexual health promotion. In E. Burtney & M. Duffy (eds.) Young People and Sexual Health: Individual, Social and Policy Contexts. Nua Eabhrac: Palgrave Macmillan. lgh. 172-189.

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú iomlán an chláir i scoileanna iar-bhunscoile.

An Ghníomhaireacht um
Thoirchis Ghéarchéime
Ceathrú Úrlár
89-94 Sráid Chéipil
Baile Átha Cliath 1

Guth: + 353 1 814 6292
Facs: + 353 1 814 6282
R-phost: info@crisispregnancy.ie
Líon: www.crisispregnancy.ie

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Guth: +353 1 8896400
R-phost: info@education.gov.ie
Líon: www.education.ie

ISBN: 1-905199-12-0